



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2023

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Gnó

Ardleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuilleanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2023

SCÉIM MHARCÁLA

GNÓ ARDLEIBHÉAL

Nóta do mhúinteoirí agus do dhaltáí ar úsáid scéimeanna marcála foilsithe

Níl sé i gceist go mbeidh scéimeanna marcála atá foilsithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit ina ndoiciméid aonair. Is acmhainn riachtanach iad le haghaidh scrúdaitheoirí a gcuirtear oiliúint orthu maidir le léirmhíniú ceart a fháil ar an scéim agus cur i bhfeidhm ceart na scéime. Is éard atá i gceist leis an oiliúint seo, i measc nithe eile, samplaí marcála obair daltaí agus na marcanna a bhronntar a phlé, chun cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Ina dhiaidh sin déanann na Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na gceartaitheoirí chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach agus cruinn na scéime marcála a chinntiú. Déanann an Príomhscrúdaitheoir maoirseacht ar an bpróiseas seo, le cabhair ó Phríomhscrúdaitheoir Comhairleach de ghnáth. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh maidir le cé acu ar cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa oibre iarrthóra nó nár cuireadh. Is dréachtdhoiciméid iad scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear an scéim i gcrích go dtí go gcuireann ceartaitheoirí i bhfeidhm í ar obair iarrthóirí agus go mbailítear an t-aiseolas ó na ceartaitheoirí go léir agus go ndéantar é a mheas i bhfianaise réimse iomlán fhreagraí na n-iarrthóirí, leibhéal iomlán deacrachta an scrúdaithe agus an gá le comhsheasmhacht a chaomhnú ó thaobh caighdeáin de ó bhliain go bliain. Tá an scéim deiridh ar fáil sa doiciméad foilsithe sin, de réir mar a cuireadh i bhfeidhm í ar obair na n-iarrthóirí go léir. I gcás scéimeanna marcála a chuimsíonn réitigh shamplacha nó freagraí samplacha, is fiú a thabhairt faoi deara nach bhfuil sé i gceist go mbeidh siad uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go mbeadh malairtí leagain agus leaganacha difriúla inghlactha. Ní mór do cheartaitheoirí gach freagra a mheas de réir a bhfiúntais, agus moltar dóibh dul i gcomhairle lena gCeartaitheoirí Comhairleacha i gcás amhrais.

Scéimeanna Marcála sa Todhchaí

Ba chóir aon tuairimí faoi scéimeanna marcála sa todhchaí bunaithe ar scéimeanna ón am atá thart a sheachaint. Cé go bhfuil na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, d'fhéadfadh sé go mbeadh athrú ar na sonraí a bhaineann le marcáil cineál faoi leith ceiste i bhfianaise fheidhm na ceiste sin sa scrúdú trí chéile in aon bhliain ar leith. Tá an fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir in aon bhliain ar leith cinneadh a dhéanamh ar conas is fearr a chinntiú go mbeidh measúnú cóir agus cruinn ar obair iarrthóirí agus chun a chinntiú go mbeidh comhsheasmhacht ann maidir le caighdeán an mheasúnaithe ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh athrú ar ghnéithe den struchtúr, mionsonraí agus cur i bhfeidhm na scéime marcála maidir le scrúdú faoi leith ó bhliain amháin go bliain eile gan fógra.

Scéim Mharcála agus Nótaí Tacaíochta le úsáid leis an Scéim Mharcála.

Agus an scéim mharcála agus na nótaí tacaíochta á mbreithniú is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach ná críochnúil.
- **Ní freagraí eiseamláireacha iad ach, ina ionad sin, sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.**
- I gcuid mhaith cásanna sna nótaí tacaíochta, d'fhéadfadh sé go mbeadh eochairfhrásaí a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé nó sí na marcanna sannta.
- **Déantar pointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus a chúiteamh de réir fiúntais.**
- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Ar an ábhar sin, d'fhéadfadh riachtanais athrú ó bhliain go bliain.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Ba chóir do scrúdaitheoir ar bith nach bhfuil cinnte faoin mbailíocht modha atá déanta ag iarrthóir áirithe le ceist áirithe teagmháil a dhéanamh lena Scrúdaitheoir Comhairleach.

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA GNÓ ARDLEIBHÉAL 2023**SCÉIM MHARCÁLA****ROINN 1****(80 Marc)****Ní mór an roinn seo a fhreagairt.****Freagair 8 gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.**

Ceist	Scéim	Marcanna
1.	(a) 4m (b) 2 x3m (2+1)	10
2.	3,2,2,2,1	10
3.	(a) 4 (1,1,2) (b) Ríomh 6 mharc	10
4	3,2,2,2,1	10
5.	(a) 3@2m (b) 2,2	10
6.	5 (3m + 2m) 5 (3m + 2m)	10
7.	4m (2,2) Foirmle 2m, Ríomh 4@1m.	10
8.	5m + 5m (3+2)	10
9.	3,2,2,2,1	10
10.	2 x 5m (3m + 2m)	10
11.	2 x 5m (3m + 2m)	10
12.	(a) 2@3m (1+2) (b) 2 x 2m	10
Roinn 1	Marcanna Ar Fáil	80

**ROINN 2
(80 Marc)**

Tógálaithe Tithe Uí Chruadhlaoidh Teo

Ceist ar an nGnó Fheidhmeach (Aonaid 5, 6 & 7) Ní mór an cheist seo a fhreagairt.			Uasmharc
(A)	Mínigh na foinsí éagsúla airgeadais fadtéarma a úsáideann Tógálaithe Tithe Uí Chruadhlaoidh Teo. .	2@7m (2+3+2) 1@6m (2+2+2) Foinse, mínigh, nasc	20 marc
(B)	Déan cur síos ar na tairbhí agus ar na dúshláin do Thógálaithe Tithe Uí Chruadhlaoidh as dul isteach sna margaí idirnáisiúnta.	3 @ 10 (4+2+4) Luaigh, mínigh, nasc Ceann amháin de gach ceann de dhíth.	30 marc
(C)	Pléigh an tionchar a bhíonn ag athróga eacnamaíochta ar ghnólacht. Déan tagairt don téacs i do fhreagra.	2@8(2+3+3) 2@7(2+3+2) Athróg, forbair, nasc	30 marc
A.	Marcanna Ar Fáil		80 marc

Agus freagraí á dtabhairt acu ar cheisteanna ar an CGF, ní mór d'iarrthóirí úsáid a bhaint as an eolas ábhartha agus as an tuiscint ábhartha a ghnóthaigh siad san ábhar agus staidéar á dhéanamh acu ar an gcúrsa, chomh maith leis na naisc ábhartha ón CGF.

I ndáil leis na naisc atá tugtha, **ní mór** dóibh a bheith ina n-athfhriotal / ina bhfrása / ina ráiteas díreach ábhartha ón CGF, a léiríonn go bhfuil tuiscint shoiléir ag na hiarrthóirí ar an bpointe (ar na pointí) teoirice a chuirtear i láthair. Tá naisc leithleacha riachtanach i ngach roinn. Ní bhronntar marc as aon nasc gan teoiric ábhartha.

**Roinn 3
(240 marc)**

Freagair **Ceithre** cheist as **Roinn 3** mar seo a leanas:

Ceist **Amháin** as **Cuid 1**, **Dhá** Cheist as **Cuid 2** agus ceist **Amháin** eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**. Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.

Cuid 1

Daoine sa Ghnó / Timpeallacht Ghnó

Ceist 1 Daoine sa Ghnó			Uasmh arc
(A)	Déan cur síos ar shampla amháin de chaidreamh comhoibritheach agus ar shampla amháin ar chaidreamh iomaíoch a d'fhéadfadh teacht chun cinn idir na páirtithe leasmhara seo a leanas (i) Fostóir agus fostaí(ii) Infheisteoir agus bainisteoir i ngnólacht.	2@10 (2, 2@4(3+1))	20
(B)	(i) Tabhair breac-chuntas ar thrí fhoráil de chuid an Achta um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980 maidir le cearta reachtúla tomhaltóra. (ii) Mínigh an 'ceart um chealú' (tréimhse mharana/tréimhse fionnuair) i gcás tomhaltóirí in Éirinn.	3 x 6m (3+3) 2m	20
(C)	Léirigh do thuiscint ar na gnéithe riachtanacha a leanas de chonradh bailí. Comaoin Dlíthiúlacht Foirme Rún Conraithe	2@8m (4+4) 1@4m (2+2)	20
Marcanna Ar Fáil			60

Ceist 2 An Timpeallacht Intíre			Uasmharc
(A)	(i) Idirdhealaigh idir náisiúnú agus príobháidiú. Tabhair samplaí chun tacú le do fhreagra. (ii) Cuir síos ar thairbhe amháin agus ar dhúshlán amháin a bhaineann le príobháidiú.	2 x 5m (3+2) 2 x 5m (2 + 3)	20
(B)	Tabhair breac-chuntas ar an bhfáth a ndéanadh gnólacht a struchtúr úinéireachta a athrú le himeacht aimsire. Tabhair samplaí chun tacú le do fhreagra.	3@7,7,6 (2+3+2), (2+2+2)	20
(C)	Pléigh saintréithe gnólachta atá freagrach ó thaobh na timpeallachta de.	4 x 5m (2+3)	20
Marcanna Ar Fáil			60

Ceist 3 An Timpeallacht idirnáisiúnta			Uasmharc
(A)	Tabhair breac-chuntas ar an tábhacht d'Éirinn a bhaineann le ballraíocht san Aontas Eorpach (AE).	4 x 5m (2 + 3)	20
(B)	Déan measúnú ar an ról atá ag grúpaí sainleasa san Aontas Eorpach (AE). Úsáid sampla chun tacú le do fhreagra.	2 x 5m (2+3) Sampla 2m Measúnú 3m (0,1,3)	15
(C)	Pléigh na slite dearfacha agus na slite diúltacha a théann cuideachtaí ilnáisiúnta (MNCanna) i bhfeidhm ar Éirinn. Úsáid samplaí chun tacú le do fhreagra.	1x7m (2+3+2) 3x6m (2+2+2) Dhá cheann den dá acu de dhíth	25
Marcanna Ar Fáil			60

Ceist 4 Daoine sa Ghnó			Uasmharc
(A)	(i) Mínigh an téarma cómhargáil.	1 x 5m (2+3)	20
	(ii) Tabhair breac-chuntas ar thrí fhoráil den Acht Caidrimh Thionscail 1990.	3 x 5m (2+3)	
(B)	Faoi théarmaí na nAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1997 go 2007, mínigh na forais dífhostaithe a meastar a bheith cóir .	4 x 5m (2 + 3)	20
(C)	Pléigh ról an Choimisiúin um Chaidreamh.	4 x 5m (2+3)	20
	Marcanna Ar Fáil		60

Cuid 2

Fiontraíocht

Ceist 5 Bainistíocht			Uasmharc
(A)	Tabhair breac-chuntas, agus sampla agat, ar conas a d'fhéadfadh bainisteoir gnólachta gach leibhéal d'Ordalthas Riachtanas Maslow a úsáid chun an fhoireann a inspreagadh.	5x 5m (2+2+1)	25
(B)	Mínigh trí impleacht do bhainisteoir as cur chuige 'Teoiric Y' do bhainistiú a fheidhmiú.	3 x 5m (2 + 3)	15
(C)	(i) Déan idirdhealú idir fiontraíocht agus bainistíocht. (ii) Pléigh dhá thairbhe a bhaineann le planáil mar ghníomhaíocht bainistíochta. .	2 x 5m (2 +3) 2 x 5m (2+3)	20
	Marcanna Ar Fáil		60

Ceist 6 Bainistíocht			Uasmharc
(A)	(i) Mínigh impleacht amháin a bhaineann le tearc-árachas. (ii) Pléigh dhá chineál árachais ghnó a mholfa gur chóir a bheith ag gnólacht óstán.	1 x 5m (2 +3) 2 x 5m (2+3)	15
(B)	(i) Mínigh an téarma ‘coinníollacha solúbtha oibre’. (ii) Tabhair breac-chuntas ar na cineálacha luacha saothair airgeadais agus neamh-airgeadais a úsáideann gnólachtaí chun fostaithe a mhealladh.	1 x 5m (2+3) 3 x 5(2+3) Ceann amháin de gach ceann de dhíth.	20
(C)	Mínigh na téarmaí a leanas i gcomhthéacs bainistíocht acmhainní daonna: • Earcaíocht Inmheánach agus Sheachtrach. • Sainchuntas Poist agus Sonraíocht faoin bPearsa. • Agallamh agus Roghnúchán	5 x 5m (2+3)	25
	Marcanna Ar Fáil		60

Ceist 7 Bainistíocht			Uas. Marc
(A)	Tabhair breac-chuntas ar na foinsí inmheánacha agus ar na foinsí seachtracha smaointe do tháirgí/sheirbhísí nua do ghnólachtaí. .	4 x 5m (2 + 3) Dhá cheann den dá acu de dhíth	20
(B)	Ríomh gach ceann díobh seo a leanas (taispeáin do chuid oibre.): (i) An méid ÍMAT nach mór do Thomás a íoc (ii) An méid iomlán MSU (iii) An méid iomlán ÁSPC (iv) Pá glan bliantúil Thomáis	10m 7m 1m 2m	20
(C)	(i) Mínigh an téarma cumasú fostaithe. (ii) Déan cur síos ar na tairbhí do ghnólacht a bhaineann le cumasú fostaithe.	5m (2+3) 3 x 5m (2+3)	20
Marcanna Ar Fáil			60

Ceist 8 Gnó i nGníomh			Uasmharcanna
(A)	(i) Léirigh do thuiscint ar an téarma margadh nideoige. (ii) Tabhair breac-chuntas ar dhá impleacht do ghnólacht ar oibriú i margadh nideoige.	7 marc (3, 2, 2) 2x 4m (2+2)	15
(B)	(i) Cuir comhghuaillíocht straitéiseach agus cumasc i gcontrárthacht le chéile mar mhodhanna le gnó a leathnú. (ii) Déan measúnú ar thairbhe amháin agus ar dhúshlán amháin do ghnólacht as comhghuaillíocht straitéiseach a dhéanamh.	2 x 5m (2+3) 2 x 4m (2+2) 2m	20
(C)	Léirigh iad seo a leanas le cairt chóimheá: (i) An pointe meá ar mheá (ii) An lamháil sábháilteachta ag an aschur tuartha (iii) An brabús ar an aschur tuartha	Cairt chóimheá ag taispeáint: • X Ais: Aschur in aonaid '000 1m • Y Ais: Ioncam/Costais/Díolacháin €'000 1m • Teideal na Cairte 1m • Líne LC 2m • Líne CI 4m • Líne II 4m • PC 4m • LS 4m • Brabús Tuartha aschur 4m NÓ Ríomhanna amháin: (Uasmharc. 12m) Pointe Cóimheá 4m Brabús Tuartha aschur 4m Lamháil Sábháilteachta 4m	25
	Marcanna ar fáil		60

ROINN 1 (NÓTAÍ TACAÍOCHTA)

1.		(a) Mínigh an téarma gnólacht dúchasach. Is éard atá i gceist le gnólacht dúchasach ná gnólacht arb as an tír ina bhfeidhmíonn sé dá chuid úinéirí. Is é comhlacht dúchasach Éireannach ná comhlacht a bhí bunaithe ag áitritheoirí Éireannacha agus a fheidhmíonn in Éirinn go príomha. (b) Tabhair breac-chuntas ar dhá dhúshlán a d'fhéadfadh a bheith roimh ghnólacht dúchasach in Éirinn. Costais mhéadaithe/ Costais fuinnimh ag méadú: Mar gheall ar mhéadú ar chostais fuinnimh, tá níos mós costas agus níos lú brabús. Ní mór do ghnólachtaí cinneadh a dhéanamh maidir le praghsanna a mhéadú a d'fhéadfadh drochthionchar a bheith acu ar dhíolachán. Níos mó iomaíochta ó TNCanna/FDI/infheistíocht dhíreach eachtrach: Leanann comhlachtaí trasnáisiúnta móra agus gnólachtaí domhanda ar aghaidh ag forbairt agus dá réir sin, forbraíonn siad barainneachtaí scála móra. Tá dúshlán roimh ghnólachtaí dúchasacha ó thaobh bheith in iomaíocht leis na gnóthaí idirnáisiúnta móra maidir le praghas agus bearta éifeachtúlachta. Ganntanas san lucht oibre: Tá a lán gnólachtaí dúchasacha ag streachailt le fostaithe a fháil le haghaidh deiseanna íseal-oilte agus ard-oilte. Easpa barainneachtaí scála i gcomparáid le miondíoltóirí idirnáisiúnta móra: Ní féidir le gnólachtaí dúchasacha na barainneachtaí scála de ghnólachtaí idirnáisiúnta móra a bhaint amach de bharr bulc-cheannach níos ísle d'amhábhair agus táirgí.	4m 2 x 3m (2+1)

2.			Bainistíocht Láncháilíochta Gnóthas Beag agus Meánmhéide Éireannach Díreach in Am Idirmhalartú Leictreonach Sonraí Toradh ar Infheistíocht	3,2,2,2,1
----	--	--	--	-----------

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc
3.	(a)	Mínigh an téarma easpórtálacha dofheicthe, agus bíodh sampla agat i do fhreagra. Déanann easpórtálacha dofheicthe tagairt do na seirbhísí díolta ag gnóthaí na hÉireann le custaiméirí ó thíortha eachtrannacha . Téann airgead isteach geilleagar na hÉireann. Sampla ag teastáil	Freagra do (a): 4 mharc 2m (1+1) 2 mharc
	(b)	Iompórtálacha Sofheicthe = Iompórtálacha Iomlána – Iompórtálacha Dofheicthe $€90bn - €40bn = €50bn$ ② Comhardú na Trádála = Easpórtálacha Sofheicthe - Iompórtálacha Sofheicthe $€70bn - €50bn =$ ① €20bn ① barrachas Comhardú na n-Íocaíochtaí = Easpórtálacha Iomlána – Iompórtálacha Iomlána $100bn - 90bn =$ ① €10bn ① barrachas	Ríomhaireacht: 6 mharc Figiúr féin

Ceist			Freagraí Féideartha					Uasmharc
4								3,2,2,2,1
			1	2	3	4	5	
			D	E	A	C	F	

--	--	--	--

Ceist			Freagraí Féideartha	Uasmharc
6.			Déan idirdhealú idir praghsáil fódaithe agus scimeáil praghsanna. Pragsáil fódaithe is ea nuair a ghearrann gnó praghas íseal do tháirge/sheirbhís chun sciar den mhargadh a fháil. Ligeann praghsáil fhódaithe do ghnóthaí imprisean a dhéanamh ar an margadh go gasta trí phraghsanna ísle a ghearradh ach Is straitéis phraghsála é scimeáil praghsanna ina ghearrann gnó praghas ard ag an gcéim lainseála. Is chun brabús a uasmhéadú é seo i rith céime le héileamh an-mhór.	2@5(3+2)

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
7.	(a)		Mínigh an téarma leachtacht. Cumas gnó a ndliteanais reatha a aisíoc óna sócmhainní reatha. Cumas gnó a gcreidiúnaithe/a ndliteanais ghearrthéarma a aisíoc atá le bheith íoctha taobh istigh de bhliain amháin.	4m (2+2)
	(b)		Ríomh an Cóimheas Fíorthástála le haghaidh shiopa Uí Chathmhaoil. Foirmle: (Sócmhainní Reatha - stoc deiridh) : Dliteanais Reatha ② Obair: (① €93,200 - ① €14,000) : ① €72,000 €79,200 : €72,000 ① 1.1:1	Ríomh: 6 mharc

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
8.		(a)	Mínigh an téarma íosphá náisiúnta. An bun-íocaíocht dhlíthiúil san uair d'fhostaí. Socraíonn an rialtas rátaí náisiúnta íosphá. €11.30 (20 nó os a chionn); €10.17 (19 mbliana d'aois); €9.04 (18 mbliana d'aois); €7.91 (faoi 18 mbliana d'aois)	(3+2)
		(b)	Cuir síos ar shlí amháin a bhféadfadh ardú ar an íosphá náisiúnta dul i bhfeidhm ar ghnólachtaí na hÉireann. • D'fhéadfadh brabúis an ghnó laghdú de bharr costais níos airde. • D'fhéadfadh iomarcaíochtaí a bheith mar thoradh ar chostais mhéadaithe. D'fhéadfadh an gnó a bheith fórsáilte le líon foirne a laghdú de bharr an ráta méadaithe san uair nuair a fhostaítear. • Éilimh Phá Eile. D'fhéadfadh codanna eile den lucht oibre ardú pá a lorg mar fhreagairt ar mhéadú íosphá. • D'fhéadfadh cailliúint trádála a bheith mar thoradh praghsanna méadaithe. Cuirtear costais phá méadaithe ar aghaidh go custaiméirí mar phraghsanna níos airde. • Tá seans nach mbeadh FDI chomh meallta ar Éire. Ciallóidh costais phá níos airde nach bhfuil Éire chomh hiomaíoch.	(3 + 2)

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
9.			Scríobh FÍOR nó BRÉAGACH i ndiaidh gach ceann de na ráitis seo a leanas. Bréagach Fíor Fíor Bréagach Fíor	3,2,2,2,1

Ceist	Freagraí Féideartha	Uasmharc
10.	Tabhair breac-chuntas ar dhá thréith/scil a shamhlaítear le fiontraithe. Dul i Riosca: Tógann fiontraí seans pearsanta agus airgeadais chun gnó nua a bhunú, gan aon dearbhú ratha. Caitheann fiontraithe a n-am agus a n-airgead le gnó nua a bhunú. Cinnteoireacht: Caithfidh fiontraí a bheith in ann cinntí a dhéanamh ar son leas an ghnó, go rialta i gcásanna ina bhfuil siad faoi bhrú. Caithfidh siad a bheith in ann na hiarmhairtí atá beartaithe agus nach bhfuil beartaithe dá gcinntí a anailísiú. Foghlaimíonn fiontraithe dul i gcomhairle le daoine eile agus cinntí á ndéanamh acu. Nuálaíocht/cruthaitheacht/leas a bhaint as deiseanna: Smaoiníonn fiontraithe ar bhealaí nua le rudaí a dhéanamh. Taispeánann fiontraithe samhlaíocht, acmhainneacht agus ullmhacht le tabhairt faoi tionscadail nua. Féachann siad ar rudaí ar bhealaí nua chun táirgí nua a fhorbairt nó leaganacha nua de tháirgí reatha. Acmhainneach Tá fiontraithe toilteanach buillí a shárú agus oibriú thart ar dhúshláin. Feiceann siad teip mar dheis chun foghlaim as. Muiníneach/tiomanta/creideann siad iontu féin/féin-creidimh Creideann fiontraithe iontu féin agus tá creideamh láidir acu faoina smaointe gnó. Creideann siad ina gcumas le rath a dhéanamh as gnó. Uaillmhian Tá uaillmhian agus mian láidir le rath nó éachtaí a bhaint amach lárnach agus tú i d'fhiontraí.	2@5(3+2)

Ceist	Freagraí Féideartha	Uas. Marc
11.	Mínigh dhá cheart de chuid an duine is ábhar do na sonraí faoin dlí um chosaint sonraí. Ceart an duine gan a bheith curtha faoi chinnteoireacht uathoibrithe: Ní chaithfidh cinntí tábhachta faoin duine is ábhar do na sonraí/faoi ábhar na sonraí, mar shampla ag rátáil feidhmíochta ag obair, creidiúnacht, nó iontaofacht, a dhéanamh trí mhodhanna uathoibrithe ríomhaire amháin, mura dtoilítear leis sin/ionchur daonna i gcinntí den sórt sin. Ceart le gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí nuair nach bhfuil roinnt rialtóirí sonraí ag cloí leis an Acht um Chosaint Sonraí. Ceart rochtana ar a c(h)omhaid féin: An ceart le cóip a fháil ar na sonraí atá á gcoinneáil ag an rialtóir Sonraí laistigh daichead lá arna rinneadh iarratas scríofa. Ceart le ceartú aon earráidí: Is féidir eolas míchruinn coinnithe ag an Rialaitheoir Sonraí faoin duine is ábhar do na sonraí a bheith ceartaithe nó scriosta. Ceart chun Príobháideachta faoi Chosaint sonraí agus príobháideacht i rialacháin teileachumarsáidí chun cosc a chur ar úsáid do shonraí le haghaidh cuspóirí margaíochta díreacha.	2@5(3+2)

Ceist	Freagraí Féideartha	Uas. Marc
12.	(a) Idirdhealaigh idir dhá chineál cruinnithe atá coitianta i ngnólacht. CGB (Cruinniú Cinn Bhliana). Is cruinniú na scairshealbhóirí de chuideachta é seo. Reáchtáiltear é uair sa bhliain. Ag an CCB, is féidir le scairshealbhóirí ceisteanna a chur ar na stiúrthóirí, tugann an cathaoirleach caint, toghtar stiúrthóirí, ceaptar iniúchóirí agus cuirtear cuntais i láthair. CGU (Cruinniú Ginearálta Urghnách). Tarlaíonn sé seo nuair a eascraíonn ceist atá tábhachtach go leor nach féidir leis an gnó fanacht go dtí an chéad CGB eile chun an cheist a phlé. Cruinniú Boird Is cruinnithe rialta iad seo a reáchtálann bord stiúrtha na cuideachta. Bíonn planáil oirbheartaíochta, planáil straitéiseach agus athbhreithniú ar fheidhmíocht na cuideachta ar chlár cruinniú boird go rialta.- Cruinnithe bainistíochta/feidhmiúcháin/ad-hoc. Is cruinniú iad seo a reáchtálann bainisteoirí éagsúla sa ghnó chun plé le deacrachtaí oibríochta/fadhbanna práinneacha. Cruinniú ad hoc – cruinniú idir bainisteoirí áirithe sa ghnó chun deileál le gnéithe oibríocháin/fadhbanna láithreach. (b) Tabhair breac-chuntas ar dhá thairbhe a bhaineann le cruinnithe mar mhodh cumarsáide. 1. Le cruinnithe is féidir plé a dhéanamh ar mholtaí éagsúla, rud a chumasaíonn cinnteoireacht mhaith, éifeachtach/ comhordú na hoibre rannóg éagsúla. 2. Ligeann cruinnithe scaipeadh eolais a tharlú chuig na scairshealbhóirí éagsúla sa chuideachta, m.sh. cruinniú bainistíochta agus fostaithe an ghnólachta maidir le fadhbanna caidrimh oibreachais. 3. Is fóraim chruthaitheacha iad cruinnithe, m.sh. seisiún tobsmaointeoireachta i rith chéim ghiniúna smaointe den phróiseas forbartha táirge. 4. Tá cruinnithe oiriúnach nuair a phléitear fadhbanna íogaire nó rúnda m.sh. iomarcaíocht, dífhostú foirne agus crapadh/forbairt an ghnó. 5. Tugann cruinnithe deis le haiseolas a thabhairt is a fháil. 6. D'fhéadfaí taifead scríofa (i.e. miontuairiscí) a dhéanamh le húsáid amach ansin.	2@3(1+2) 2m, 2m

ROINN 2

(NÓTAÍ TACAÍOCHTA)

(A) Mínigh na foinsí éagsúla airgeadais fadtéarma a úsáideann Tógálaithe Tithe Uí Chruadhlaoidh Teo.

Ceist	Freagraí Féideartha	Uas. Marc
(A)	<u>Iasacht fhadtéarmach</u> Faigheann gnó méid mór d'airgead ar iasacht le haisíoc thar 5-30 bliain. Aisíoctar an t-airgead le hús. Cuirtear urrús/comhthaobhacht ar fáil i gcoinne an airgid ar iasacht. “Bhain siad leas as rátaí ísle úis agus fuair siad faomhadh ar iasacht téarma 20 bliain le leathnú isteach san Eoraip agus san Áise a mhaoiniú.” <u>Bintiúr</u> Is urrús fadtéarmach é bintiúr ag saothrú úis de ráta seasta, eisithe ag cuideachta agus urraithe i gcoinne sócmhainní. “Fuarthas infheistíocht bhreise €2 mhilliún i bhfoirm bintiúir 10 mbliana.” <u>Scairchaipiteal Eisithe</u> Is féidir le cuideachta scaireanna a eisiúint d'infheisteoirí. Cuireann infheisteoirí caipiteal ar fáil mar chúiteamh ar chuid úinéireachta. Laghdaíonn sé seo smacht an fhiontraí ach is foinse airgeadais fadtéarmach éifeachtúil é ó thaobh costas de. “Chruinnigh an chuideachta €3 mhilliún ó scairchaipiteal a eisiúint.”	2@7 (2+3+2) 1@6+(2+2+2)

		<u>Cúlchiste/Caipiteal Coinnithe</u> Is é seo nuair a úsáideann an gnó na brabúis a d'fhorbair siad chun forbairt a mhaoiniú. Is foinse airgeadais fhadtéarmach é atá éifeachtúil ó thaobh costais de ag úsáid airgid thirim. “Bhain an gnólacht tairbhe as barainneacht scála agus bhí a gcúlchistí airgid rathúil.” Deontas Is cineál airgeadais é deontas atá curtha ar fáil ag gníomhaireachtaí an stáit. Cuireann gníomhaireachtaí an stáit cosúil le Enterprise Ireland deontais ar fáil chun cuidiú le forbairt. Tagann coinníollacha le deontais agus ní mór iad a chomhlíonadh. Ní chaithfidh iad a aisíoc. “D’éirigh leis an iarratas a rinne siad ar Fhiontraíocht Éireann le haghaidh tacaíocht dá leathnú pleanáilte.”	
		<u>Caipiteal Gnáthscaireanna Pearsanta /Coigilteas</u> Úsáid choigiltis (ioncam nár caitheadh) arb iad caipiteal gnáthscaireanna pearsanta an fhiontraí iad. Sábháiltear iad seo de ghnáth i gcuntas taisce i mbanc nó institiúid airgeadais eile. “Chruinnigh Eibhlín an caipiteal leis an ngnólacht a thosú trína coigilteas a infheistiú”	

	(B)	Déan cur síos ar na tairbhí agus ar na dúshláin do Thógálaithe Tithe Uí Chruadhlaoidh as dul isteach sna margaí idirnáisiúnta. <u>Buntáistí</u> Díolacháin Mhéadaithe Tá daonra beag ag Éire. D'fhéadfadh tionchar dearfach a bheith ag méadú go dtí an Áise agus an Eoraip ar dhíolacháin agus brabúis de bharr tomhas an mhargaidh. Tairgeann margaí móra an seans chun díolacháin agus ioncam a mhéadú. “De réir mar a d’fheabhsaigh córais bhainistíochta, áfach, thosaigh an chuideachta ag gnóthú sciar den mhargadh i roinnt tíortha.” nó “An bhrabúsacht mhéadaithe seo de Thógáil Uí Chruadhlaoidh Teo.” Barainneachtaí Scála Níos Mó Costais tairbhe de tháirgeadh ar an mórchoir, laghdóidh ag táirgeadh agus ag díol ar an mórchoir costas an aonaid, rud a fhágann go mbeidh díolacháin agus brabúis mhéadaithe. Méadaíonn sé seo iomaíochas an ghnó. “Bhain an gnólacht tairbhe as barainneacht scála agus bhí a gcúlchistí airgid rathúil.” Deiseanna nua a aithint D'fhéadfadh an gnó smaointe a fháil ó mhargaí eile agus iomaíocht reatha. D'fhéadfadh dul isteach ar mhargaí idirnáisiúnta agus ag aithint deiseanna nua spleáchas a laghdú ar an margadh intíre. “Ansin d’éirigh leo i gcás tairiscintí a chuir siad isteach ar chonarthaí de chuid rialtas na hÉireann agus ar a leithéid chéanna de chonarthaí san Eoraip.” Riosca Níos Lú/Éagsúlú. Is buntáiste é dul isteach ar mhargaí idirnáisiúnta ná an deis chun an riosca a laghdú ar an mórgóir de theip an ghnó mar thoradh ar chúlú eacnamaíochta i margadh amháin. Cuireann sé ar chumas an ghnó freisin dul isteach i margaí le haghaidh táirgí nua chun an baol a laghdú go gclisfidh a bpunann táirgí foriomlána. “An cinneadh le dul isteach i margaí nua, laghdaigh sin a spleáchas ar an margadh Éireannach.”	3@10 (4+2+4)

		<u>Dúshláin</u> Níos Mó Iomaíochta Tá dian-iomaíocht idirnáisiúnta i bhfad níos dúshlánaí ná bheith in iomaíocht i margadh dúchasach amháin. “Bhí siad ag streachailt le bheith in iomaíocht le gnólachtaí áitiúla i margaí idirnáisiúnta.” Rudaí a dhéanamh dleathach/Reachtaíocht Chun fíneálacha nó ionchúiseamh a sheachaint, beidh ar ghnó idirnáisiúnta na difríochtaí i rudaí a dhéanamh dleathach idir na tíortha a ghlacadh. “Bhí ar Thógálaithe Tithe Uí Chruadhlaoidh Teo. dul in oiriúint don reachtaíocht athraitheach i dtíortha eile.” Difríochtaí cultúrtha/teangacha D’fhéadfadh gnólachtaí a bheith ag streachailt chun tuiscint a fháil ar na difríochtaí i gcultúr agus teanga nuair a bhíonn siad ag trádáil go hidirnáisiúnta. “Cuireadh moill ar chuid mhaith tionscadal de bharr míthuiscintí agus bacainní teanga.”	
--	--	---	--

(C)	Pléigh an tionchar a bhíonn ag athróga eacnamaíochta ar ghnólacht. Bíodh tagairt agat don téacs i do fhreagra. <u>Rátaí úis</u> Is éard a bhíonn i gceist le seo ná an costas d'iasachtaíocht caipiteal sainráite mar céatadán don méid ar iasacht. Mar thoradh ar laghdú ar rátaí úis, bíonn níos mó iasachtaí ag tomhaltóirí. Úsáideann tomhaltóirí maoiniú ar iasacht chun íoc as tithe, carranna, troscán srl. Tá tionchar dearfach aige seo ar ghnóthaí na hÉireann toisc go méadaíonn díolacháin. “Bhain siad leas as rátaí ísle úis agus fuair siad faomhadh ar iasacht téarma 20 bliain le leathnú isteach san Eoraip agus san Áise a mhaoiniú.” “Le déanaí thosaigh rátaí úis ag méadú ar fud an domhain.” <u>Boilsciú</u> Is é is boilsciú ann ná an méadú marthanach/leanúnach ar leibhéal ginearálta praghasann/mhéan-phraghsanna thar thréimhse ama. Má tá boilsciú ard, i.e. tá méaduithe ar phraghsanna ard, tá tionchar diúltach aige seo ar chostais ghnó. Méadóidh costas caiteachas oibriúcháin, amhábhair, srl. “Chruthaigh fadhbanna i slabhra an tsoláthair moilleanna, agus d’fhág an boilsciú go bhfuil méadú mór tagtha ar phraghas amhábhair.” Nó “Tá na costais fuinnimh i bhfad níos mó ná mar a bhuiséadaithe agus tá luaineacht sna rátaí malairte ag cur leis an éiginnteacht.” <u>Fostaíocht</u> Déanann sé seo tagairt ar chéatadán an lucht saothair atá fostaithe i bhfostaíocht íoctha. Tá tionchar diúltach ag laghdú ar fhostaíocht ar ghnóthaí na hÉireann. Nuair atá níos lú ioncaim ag na daoine/ an lucht saothair, laghdaíonn caiteachas an tomhaltóra. Bíonn sé seo ina chúis le laghdú ar dhíolacháin do ghnóthaí na hÉireann. “Tá sí ag smaoineamh ar chomhdhlúthú agus d’fhéadfadh cailliúint jabanna a bheith ann mar thoradh air sin.”	2@8 (2+3+3) 2@7(2+3+2)
-----	---	--------------------------------------

Deontais

Déanann sé seo tagairt ar fháil airgeadais ó ghníomhaireachtaí an stáit chun cuidiú le forbairt an ghnó. Ní gá é a aisíoc ach tagann sé le coinníollacha.

“Chruinnigh Eibhlín an caipiteal leis an ngnólacht a thosú trína coigilteas a infheistiú sa agus fuair sí deontas óna hoifig fiontar áitiúil.”

Fás Eacnamaíoch

Méadú ar luach na n-earra agus seirbhísí a tháirgtear i dtír ó thréimhse amháin go dtí an chéad cheann eile.

“Thosaigh an fás eacnamaíochta ag moilliú, rud atá ina chúis imní.”

Rátaí Malairte

Costas airgeadra amháin maidir le ceann eile. Cuireann ráta malairte isteach ar chostas foriomlán an idirbhirt. D’fhéadfadh é seo é a dhéanamh deacair na praghsanna a ardú de réir mar is gá i margaí eachtrannacha ar leith. Tá an ráta athraitheach agus d’fhéadfadh sé athrú. Tugann an t-airgeadra Euro cobhsaíocht don ráta malairte do thíortha i ‘limistéar an euro’.

“tá luaineacht sna rátaí malairte ag cur leis an éiginnteacht”

NÓTAÍ TACAÍOCHTA

Roinn 3 - Cuid 1

Daoine sa Ghnó / Timpeallacht Ghnó

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc
1	(A)	(A) Déan cur síos ar shampla amháin de chaidreamh comhoibritheach agus ar shampla amháin ar chaidreamh iomaíoch a d'fhéadfadh teacht chun cinn idir na páirtithe leasmhara seo a leanas: (i) Fostóir agus fostaí (ii) Infheisteoir agus bainisteoir i ngnólacht. Bíonn caidreamh comhoibritheach ann nuair a oibríonn an dá pháirtí i dtreo sprice choitinne nuair a oibríonn an dá pháirtí le chéile chun chomhchuspóir a bhaint amach. Is cás é ina bhfuil buntáiste do gach taobh ann. Is gaol bua/bua é. D'fhéadfadh caidreamh comhoibritheach a bheith ag <u>fostóir agus fostaí</u> nuair a infheistíonn an fostóir in oiliúint don fhostaí. Uasoileann sé seo an fostaí, feabhsaíonn sé a spreagadh agus méadaíonn sé táirgiúlacht don ghnó. Aontaíonn an fostóir ar ardú pá don fhostaí ar son táirgiúlachta. Faigheann an fostóir táirgiúlacht agus faigheann an fostaí ioncam sa bhreis. D'fhéadfadh caidreamh comhoibritheach a bheith ag <u>infheisteoir agus bainisteoir</u> gnó nuair a bhíonn an dá acu ag déanamh iarrachta an gnó a fhorbairt. Is féidir leis an infheisteoir caipiteal a chur ar fáil agus oibríonn an bainisteoir chun torthaí a bhaint amach don ghnó, ionas gur féidir leis an infheisteoir díbhinn a fháil.	2@10 (2, 2@4[3+1])

		(ii) Bíonn caidreamh iomaíoch ann nuair a oibríonn an dá pháirtí i dtreo sprice comheisiache. Is cás é ina chailleann taobh amháin./Is gaol bua/caill é. D'fhéadfadh caidreamh iomaíoch a bheith ann idir an fostóir agus an fostaí mar thoradh ar mhéaduithe pá. Tá seans go mbeadh an fostóir ag iarraidh pá a laghdú chun brabúsacht an ghnó a uasmhéadú, ach tá seans go mbeadh an fostaí ag lorg ardú pá. D'fhéadfadh caidreamh iomaíoch a bheith ag fostóir agus fostaí mar thoradh ar choinníollacha oibre. D'fhéadfadh an fostóir a bheith ag iarraidh go nglacfadh gach fostaí sos lóin roinnte chun an gnó a choinneáil ar oscailt, ach tá na fostaithe ag iarraidh sos lóin choitinn a chaitheamh lena gcomhghleacaithe. D'fhéadfadh caidreamh iomaíoch a bheith idir infheisteoir agus bainisteoir gnó nuair atáthar ag socrú díbhinní. Tá seans go mbeidh an bainisteoir ag iarraidh na brabúis a athinfheistiú agus an díbhinn a bheidh le híoc le hinfeisteoirí a íoslaghdú ach b'fhéidir gur mhaith leis an infheisteoir an díbhinn a íoctar le hinfeisteoirí a uasmhéadú. .	
--	--	--	--

(B) (i) Tabhair breac-chuntas ar thrí fhoráil de chuid an Achta um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980 maidir le cearta reachtúla tomhaltóra.

(ii) Mínigh an ‘ceart um chealú’ (tréimhse mharana) i gcás tomhaltóirí in Éirinn.

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
1	(B)	(i)	Ní mór do na hearraí bheith i riocht díola/ Ní mór d’earraí a dhíoltar bheith mianach inmhargaidh. – ba chóir go mbeadh earraí de chaighdeán réasúnta, agus an fheidhm mheasta, an mharthanacht agus an praghas a bhaineann leo á gcur san áireamh. Ní mór d’earraí bheith oiriúnach don fheidhm a bheartaítear/bheith réasúnta feiliúnach don chuspóir a bhfuiltear á gceannach lena aghaidh – ní mór do na hearraí bheith in ann cibé rud a dhéanamh ar cheart dóibh a dhéanamh agus ar ceapadh dóibh a dhéanamh. (i.e. oiriúnach don fheidhm áirithe a bhfuil sé ar intinn ag an gceannaitheoir iad a úsáid lena haghaidh). Ní mór do na hearraí a bheith mar a rinneadh cur síos orthu – níor cheart go mbeadh an cur síos ar an bpacáiste míthreorach. Ní mór go mbeadh na hearraí ag teacht leis an tuairisc a sholáthraíonn an díoltóir, an bróisiúr srl. Ba cheart go mbeadh na hearraí ag teacht leis an sampla – caithfidh na hearraí uilig a fhaightear a bheith ag teacht leis an sampla a taispeánadh don tomhaltóir. Ba cheart go soláthraítear seirbhísí ag duine leis an scil/cáilíocht ábhartha. – Ní mór go mbeadh an cumas agus na scileanna ábhartha ag soláthraí seirbhíse. Ní mór aire agus cúram a úsáid – Ní mór don soláthraí seirbhíse cúram airdeallach a dhéanamh d’ardcháilíocht. Ní mór go n-úsáidtear ábhair de cháilíocht indíoltachta/mianach inmhargaidh agus an tseirbhís á soláthar- ní mór aon ábhair a úsáidtear nó a dhíoltar mar chuid den tseirbhís a bheith de cháilíocht indíoltachta. Comharthaí neamhdhleathacha: Ní fhéadtar cearta na dtomhaltóirí a bhaint nó a bheith teoranta ag comharthaí cosúil le ‘Nótaí Creidmheasa Amháin’, ‘Níl Aon Aisíoc Airgid Thirim’, ‘Níl malartuithe ceadaithe’ srl. Ní chuireann na comharthaí seo isteach ar do chearta reachtúla tomhaltóra. Ní haisíoc é nóta creidmheasa toisc nach féidir leat ach dul ag siopadóireacht sa siopa sin leis.	3@6(3+3)

		Ba cheart nach gcuirfeadh ráthaíocht srian le bunchearta an tomhaltóra: Feictear ar ráthaíochtaí mar rud éigin sa bhreis (cosaint sa bhreis) a thugtar don tomhaltóir agus ní féidir leo srian a chur le cearta an tomhaltóra faoi na dlíthe tomhaltais. Ní mór don ráthaíocht a thaispeáint go soiléir cad iad na hearraí a chumhdaítear, an tréimhse ama atá i gceist agus an nós imeachta chun éilimh a dhéanamh. Earraí nár iarradh/ Díol gan iarraidh/earraí gan iarraidh. Tá sé mídhleathach ar pháirt an tsoláthraí íocaíocht a éileamh d'earraí nár iarradh. Is earraí iad seo a seoladh chuig duine gan ordú. Freagrachtaí na Míondíoltóirí Tá an Míondíoltóir Freagrach Tá an freagracht as déileáil le gearáin ó thomhaltóirí ag an míondíoltóir. Cúiteamh Aisíocaíocht iomlán nó i bpáirt, earra ionaid, deisiú má tá aon sárú ar bharánta nó aon choinníoll den chonradh (i.e. riachtanais an achta). Faightear é seo faoi Alt 21 den Acht.	
	(ii)	Mínigh an 'ceart um chealú' (tréimhse mharana) i gcás tomhaltóirí in Éirinn. Tá an ceart agat ar thréimhse shuaimhnithe de 14 lá má cheannaíonn tú rud éigin ó chian, mar shampla: • Ar líne (siopa ar shuíomh gréasáin nó ardán díolacháin ar líne) • Guthán • Díol ó dhoras go doras ar a bhfuil luach €50 nó níos mó • Trádáil sráide ar a bhfuil luach €50 nó níos mó • Cóisir díolachán nó taispeántas díolachán ar a bhfuil luach €50 nó níos mó Críochnaíonn an tréimhse shuaimhnithe 14 lá tar éis na n-earraí nó na seirbhísí faighte agat. Do dhíolacháin ar leac do dhoras, tá 30 lá agat ón uair a comhaontaíodh an conradh é a chur ar ceal.	2

(C) Léirigh do thuiscint ar na gnéithe riachtanacha a leanas de chonradh bailí.

Comaoin

Dlíthiúlacht Foirme

Rún Conraithe

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc
1	(C)	Comaoin Déanann sé seo tagairt don mhalartú luacha i gconradh. Caithfidh gach páirtí i gconradh rud éigin luachmhar a thabhairt don páirtí eile. De ghnáth is íocaíocht airgeadaíochta é comaoin, ach d'fhéadfadh sé a bheith rud éigin luachmhar chomh maith atá malartaithe de bharr an chonartha. Tá sampla de dhíth do na marcanna iomlána Dlíthiúlacht foirme Ní mór conarthaí áirithe, chun iad a mheasadh a bheith dlíthiúil, a tharraingt suas ar bhealach ar leith. Is gá do roinnt conarthaí a bheith i scríbhinn le bheith bailí go dleathach. Tá sampla de dhíth do na marcanna iomlána Rún Conraithe Ní mór don dá pháirtí i gconradh a bheith ar an eolas go bhfuil siad ag cur isteach ar chomhaontú atá ina cheangal de réir dlí a d'fhéadfadh iad a fheiceáil sa chúirt má theipeann orthu a thaobh a choinneáil den chomhaontú. Le socruithe baile agus sóisialta, níl aon rún le conradh atá ina cheangal de réir dlí a chruthú. Tá sampla de dhíth do na marcanna iomlána	2@8(4+4) 1@4(2+ 2)

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
(A)			(i) Idirhealaigh idir náisiúnú agus príobháidiú. Tabhair samplaí chun tacú le do fhreagra. (ii) Cuir síos ar thairbhe amháin agus ar dhúshlán amháin a bhaineann le príobháidiú.	
2	(A)	(i)	Tagraíonn príobháidiú do dhíol cuideachtaí an stáit le hinfheisteoirí príobháideacha. M.sh., An rialtas ag díol a úinéireacht de Aer Lingus le scairshealbhóirí príobháideacha ach Tagraíonn náisiúnú do cheannachán an rialtas de ghnóthaí príobháideacha agus á gcur faoina cheannas. M.sh. An rialtas ag glacadh seilbhe ar Bhanc Angla Éireannach. Buntáistí • Ioncam an Rialtais: Tugann díol fiontair an stáit suim mhór d'airgead don rialtas m.sh, Ag díol Aer Lingus nó leas an rialtais in AIB le hinfheisteoirí príobháideacha. D'fhéadfaí an t-ioncam a úsáid chun infreastruchtúr a thógáil/ fiachas náisiúnta a aisíoc. • Éifeachtúlacht: Braitear go rialta go bhfuil gnóthais faoi úinéireacht an stáit neamhéifeachtúil toisc gur féidir leo brath ar mhaoiniú an rialtais agus níl ach beagán iomaíochta acu. Spreagann brabús gnólachtaí príobháideacha agus mar sin ba chóir go mbeadh siad rite níos éifeachtúla. • Rochtain ar Airgeadas: Is féidir le cuideachtaí príobháideacha iasachtaí agus scaireanna a thógáil amach agus tá rochtain níos fearr acu ar fhoinsí airgeadais ná gnóthais an stáit go ginearálta. Déanann sé seo é níos éasca le forbairt a mhaoiniú , ag cruthú maoine agus fostaíochta sa gheilleagar. • Caidreamh Oibreachais: Le cinnteacht phoist níos mó ag fostaithe i bhfiontair stáit páirt , tá níos mó seans go nglacfaidh siad páirt i ngníomhaíocht thionsclaíoch chun éilimh phá, coinníollacha oibre níos fearr srl. a shaothrú ná iad siúd san earnáil phríobháideach. • Iomaíocht: D'fhéadfadh iomaíocht mhargaidh oscailte a bheith mar thoradh ar dheireadh a chur le monaplacht stáit agus d'fhéadfadh rogha níos fearr agus praghsanna níos ísle a bheith ann do thomhaltóirí m.sh. Eircom/Aer Lingus	2@5(3+2) 2@5(2+3)

			<u>Dúshlán:</u> • Caillteanas sócmhainní an stáit - Cosnaíonn an stát tionscail ar mhaithe le leas straitéiseach na tíre e.g. gréasán iompair, soláthairtí fuinnimh na tíre chun críocha tionscail agus tí, soláthar uisce, córais chumarsáide, bonneagar eacnamaíoch na tíre. • Níos mó dífhostaíochta - D'fhéadfadh go gcaillfí poist trí chiondáil a dhéanamh ar sheirbhísí, rud a d'fhágfadh go mbeadh caiteachas níos airde ar leas sóisialta. • Easpa Gealltanais Sóisialta - Féadfaidh an gnólacht príobháideach deireadh a chur le seirbhísí bunriachtanacha neamhbhrabúsacha d'fhonn costais a laghdú e.g. an tseirbhís poist agus teileachumarsáide, seirbhísí leictreachais, gáis agus uisce chuig ceantair iargúlta. • Cailleadh Smachta/cailliúint rialú /Costais don stát - Is féidir le scaireanna cuideachtaí príobháidithe críochnú suas le hinfheistearí eachtrannacha. Ní mór do chuideachtaí príobháidithe fála a uasmhéadú do na scairsealbhóirí agus d'fhéadfadh praghsanna méadaithe do thomhaltóirí a bheith mar thoradh air sin. De bharr neamhréir idir an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla den scrúdpháipéar, glac le freagraí ina gcuirtear síos ar thairbhe amháin agus ar dhúshlán amháin a bhaineann le príobháidiú do pháirtí leasmhar ar bith.	
--	--	--	---	--

(B) Tabhair breac-chuntas ar an bhfáth a ndéanadh gnólacht a struchtúr úinéireachta a athrú le himeacht aimsire.

Tabhair samplaí chun tacú le do fhreagra.

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc
2	(B)	Caipiteal a bhailiú: D'fhéadfadh gur go réidh a thiocfadh bailiúchán caipitil le gnó má tá níos mó úinéirí/scairshealbhóirí. M.sh. D'fhéadfadh cuideachta theoranta phríobháideach athrú go cuideachta theoranta phoiblí chun caipiteal a bhailiú. Dliteanas: D'fhéadfadh gnó a struchtúr úinéireachta a athrú chun dliteanas teoranta a fháil. M.sh. D'fhéadfadh trádálaí aonair nó comhpháirtíocht athrú go dtí cuideachta phríobháideach theoranta chun athrú ó dhliteanas neamhtheoranta go dliteanas teoranta. Impleachtaí cánacha: D'fhéadfadh gnó a bheith níos cáinéifeachtúla má athraíonn siad struchtúr úinéireachta. M.sh. is féidir le hathrú ó thrádálaí aonair nó comhpháirtíocht go comhlacht theoranta ligean do ghnó leas a bhaint as an ráta cánach corparáide. Cinnteoireacht/ Earcú Foirne:: Trí mhaoiniú a bhailiú trí scairshealbhóirí nua a thabhairt isteach, is féidir leis an ngnólacht baill foirne éirimiúla a earcú. Is féidir leis seo cinnteoireacht sa ghnó a fheabhsú. m.sh. Dá n-athrófaí an struchtúr úinéireachta ó chomhpháirtíocht go cuideachta theoranta phríobháideach, nó ó chuideachta theoranta phríobháideach go cuideachta phoiblí theoranta, d'fhéadfadh sé seo cabhrú leis an ngnó foireann éirimiúil a earcú nó ligean don ghnó infheistíocht a dhéanamh chun cinnteoirí ardoilte a earcú.	2@7(2+3+2) 1@6(2+2+2)

(C) Pléigh saintréithe gnólachta atá freagrach ó thaobh na timpeallachta de.

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
2	(C)	(i)	Téigh i gcomhairle Téigh i gcomhairle le páirtithe leasmhara sula dtugtar polasaithe isteach a d'fhéadfadh cur isteach ar an gcomhshaol. Ionraic Ní chlúdaítear timpistí timpeallachta/comhlíontar an dlí. Feasach Feasacht timpeallachta a chur chun cinn i measc na foirne trí oiliúint shásúil, a mbeidh acmhainní ag teastáil ina leith. D'fhéadfadh an gnó cód eitice a bhunú i gcruth ráitis scríofa foirmiúil ina leagtar amach na modhanna iompair a bhfuiltear ag súil leo ó ghnó ina ndéileálacha leis an gcomhshaol agus leis an bpobal i gcoitinne ina bhfeidhmíonn sé, ag spreagadh cultúr oscailteachta, comhairliúcháin, macántachta agus feasachta ar shaincheisteanna comhshaoil srl. Oscailte Oscailteacht maidir le forbairt de dhearadh táirgí nua/maidir le próisis déantúsaíochta atá neamhdhíobhálach don timpeallacht/réitigh tháirgí níos fearr agus iad ag deireadh a saoil/athchúrsáil. Tuisceanach Tuiscint do riachtanais na sochaí ina hiomláine agus cosaintí den sórt sin a bheith acu mar iniúchadh comhshaoil chun a chinntiú go n-oibríonn sé ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol. Chun é seo a bhaint amach, ba cheart go mbeadh polasaithe acu cosúil leis na 4R's – laghdú, athúsáid, athchúrsáil agus athghnóthú a úsáid.	4@5(2+3)

(A) Tabhair breac-chuntas ar an tábhacht d'Éirinn a bhaineann le ballraíocht san Aontas Eorpach (AE).

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc
3	(A)	Buntáistí: Saorghluaiseacht earraí seirbhísí agus oibrithe: Nuair a cruthaíodh an Margadh Aonair in 1993, cuireadh deireadh le bacainní trádála laistigh den Aontas, rud a d'fhág go raibh saorghluaiseacht earraí, seirbhísí, saothair agus caipitil ann idir na Ballstáit. Cabhraíonn sé sin le gnólachtaí Éireannacha saothar d'ardchaighdeán a mhealladh ó thíortha an AE. Margadh níos mó/ Níos mó díolachán Margadh níos mó do ghnólachtaí Éireannacha as a n-eascróidh acmhainneacht díolacháin níos mó. Is féidir le gnólachtaí Éireannacha méadú agus fás trí thrádáil i dtíortha eile san AE. Mar thoradh air sin, tá méadú ar bhrabúsacht agus ar éagsúlú do ghnólachtaí Éireannacha a dhéanann easpórtáil chuig an Aontas Eorpach. Seach-éifeacht an FDI do Ghnóthaí na hÉireann Mar bhall den AE le slí isteach oscailte ar mhargadh an AE meallann geilleagar na hÉireann infheistíocht dhíreach choigríche (FDI), rud a chruthaíonn deiseanna fostaíochta. Is é luach (FDI) in Éirinn inniu ná os cionn €30 billiún. Soláthraíonn go leor gnólachtaí na hÉireann amhábhair agus seirbhísí do chuideachtaí ilnáisiúnta. Baineann gnóthaí beaga na hÉireann leas as CBT Faigheann feirmeoirí, faoin gComhbheartas Talmhaíochta (CBT), bearta tacaíochta ioncaim. Idir 1973 agus 2008, fuair feirmeoirí na hÉireann €44 billiún ón (CBT). Cabhraíonn sé seo le gnólachtaí feirmeoireachta na hÉireann fanacht inmharthana. An t-airgeadra aonair i Limistéar an Euro/an tAontas Eanámaíochta Eorpach Nuair a tugadh isteach an t-airgeadra aonair, tugadh dreasachtaí breise d'infheisteoirí eachtracha a lonnú in Éirinn, mar aon le cobhsaíocht choibhneasta praghsanna. Rinne an euro an saol níos éasca do ghnólachtaí agus do thaistealaithe atá ag trádáil nó ag tabhairt cuairte ar an limistéar euro.	4@5(2+3)

(B) Déan measúnú ar an ról atá ag grúpaí sainleasa san Aontas Eorpach (AE).

Úsáid sampla chun tacú le do fhreagra.

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc
3	(B)	Is iad grúpaí sainleasmhara ná grúpaí a dhéanann iarracht tionchar a imirt ar phróiseas polaitiúil agus cinnteoireachta an Aontais Eorpaigh. Déanann grúpaí sainleasa iarracht tionchar a imirt ar chinnteoirí san Aontas Eorpach. Áirítear ar na modhanna a úsáideann siad; Oifigí lonnaithe sa Bhruiséil agus i Strasbourg: Tá oifigí buana ag roinnt grúpaí sainleasmhara sa Bhruiséil agus i Strasbourg agus cuireann siad brú ar Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa agus ar an gCoimisiún trí bhrú agus léirsithe ó na meáin. Ag déanamh stocaireachta: iarracht d'aon ghnó chun dul i gcion ar an bpróiseas cinnteoireachta trí dhearcadh ar leith a chur chun cinn. Déanann siad stocaireacht ar choimisinéirí chun cinntiú go bhfeictear a ndearcadh i ndr éacht-reachtaíocht. Feachtais eolais: Labhraíonn grúpaí sainleasmhara sna meáin cosúil leis an teilifís, an raidió srl Agóidí poiblí: Is féidir leis na grúpaí leasmhara agóidí poiblí a eagrú a tharraingíonn aird ar shaincheist. Measúnú Tá sampla de dhíth do na marcanna iomlána	2@5(2+3) 3m (0,1,3) 2m

(C) Pléigh na slite dearfacha agus na slite diúltacha a théann cuideachtaí ilnáisiúnta (MNCanna) i bhfeidhm ar Éirinn. Úsáid samplaí chun tacú le do fhreagra.

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc
3	(C)	Seach-éifeacht/ Díolacháin do ghnólachtaí na hÉireann Is tomhaltóirí iad cuideachtaí ilnáisiúnta d'earraí agus seirbhísí Éireannacha agus d'fhéadfadh gnóthaí dúchasacha a mbrabúis a mhéadú trí iad seo a chur ar fáil. Mar shampla, ceannaíonn McDonald's thar 40,000 tona de mhairteoil Éireannach gach bliain. Cánacha Caithfidh gach cuideachta ilnáisiúnta cáin chorparáide a íoc. Is féidir leis an rialtas an t-airgead seo a úsáid chun tacaíocht i gcomhair gnóthaí dúchasacha a infheistiú, ag laghdú a gcostais an ghnó. m. sh. Faigheann rialtas na hÉireann cáin ó chuideachta ilnáisiúnta cosúil le Intel. Oiliúint Soláthraíonn cuideachtaí ilnáisiúnta an caighdeán is airde oiliúna d'fhostaithe. Baineann an lucht saothair Éireannach a oibríonn do chuideachta ilnáisiúnta as seo toisc go bhfeabhsaítear a scileanna is a gcáilíochtaí. m.sh. Infheistíonn cuideachtaí ilnáisiúnta cosúil le Johnson & Johnson agus Google in oiliúint a gcuid foirne. Cruthaítear deiseanna poist Soláthraíonn cuideachtaí ilnáisiúnta líon mór deiseanna fostaíochta don lucht saothair Éireannach. m.sh. Oibríonn a lán daoine Éireannacha do chuideachtaí ilnáisiúnta cosúil leis na daoine Éireannacha ag obair do Facebook, Twitter srl. Dílseacht Taispeánann siad dílseacht ar bith d'Éire agus is féidir leo fágáil gan rabhadh do gheilleagair níos saoire. m.sh. D'aistrigh Dell a lán post Éireannacha go dtí an Pholainn, rud a bhí ina chúis leis a lán caillteanas post i gceantar na Sionainne. Iomaíocht mhéadaithe Mar gheall ar na barainneachtaí scála ag na cuideachtaí seo, is féidir leo praghsanna níos ísle a ghearradh ar a n-earraí agus a seirbhísí. Tá sé an-deacair do ghnóthaí beaga Éireannacha chun a bheith in iomaíocht leis seo agus d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis leis iad ag fágáil an mhargaidh go hiomlán, M.sh. Troscán IKEA i gcomparáid le troscán a tháirgítear sa bhaile.	1@7(2+3+2) 3@6(2+2+2)

		Iomaíocht d'Fhostaithe Is féidir le cuideachtaí ilnáisiúnta móra pacáistí íocaíochta an-mhaith a thairiscint d'fhostaithe nach mbeadh gnóthaí beaga in ann a thabhairt. D'fhéadfadh sé seo é a dhéanamh níos deacra do ghnólachtaí teicneolaíochta na hÉireann. m.sh. d'fhéadfadh siad a roghnú a bheith ag obair le haghaidh Google srl. Tionchar D'imir cuideachtaí ilnáisiúnta tionchar ar rialtais agus a mbeartais san am atá caite. Ciallaíonn sé seo go bhfuil seans go n-áiteoidh siad ar an rialtas chun reachtaíocht a thabhairt isteach a rachadh chun tairbhe dóibh ach a mbeidh tionchar diúltach aige ar ghnólachtaí beaga Éireannacha sa réimse céanna gnó. m.sh. D'fhéadfadh Apple tionchar a imirt ar an rialtas maidir le cánachas.	
--	--	---	--

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas Mharc
4	(A)	(i) Mínigh an téarma cómhargáil. (ii) Tabhair breac-chuntas ar thrí fhoráil den Acht Caidrimh Thionscail, 1990. (i) Is é cómhargáil ná próiseas idirbheartaíochta idir fostóirí agus grúpa fostaithe le socruithe a dhéanamh maidir le rialachán na dtuarastal oibre, coinníollacha oibre, tairbhí agus gnéithe eile de chúiteamh na n-oibrithe, agus cearta d'oibrithe. (ii) 1. Aighnis Cheirde Leagann an tAcht Caidrimh Thionscail 1990 sainmhíniú aighnis cheirde amach mar 'aon aighneas idir fostóirí agus oibrithe, a bhaineann le fostaíocht nó neamhfhostaíocht nó le téarmaí nó coinníollacha fostaíochta aon duine'. 2. Rúnbhallóidí Faoi fhorálacha an Achta Caidrimh Thionscail 1990, ní féidir stailc ná gníomhaíocht thionsclaíoch eile a dhéanamh gan bhallóid rúnda. Tugtar deis chothrom do gach ball chun vótáil. Forálann an tAcht chomh maith nár chóir don chumann gníomhaíocht thionsclaíoch a eagrú ná a bheith páirteach inti gan vótáil tromlaigh ar son gníomhaíochta tionsclaíche a dhéanamh. Ba cheart don chumann torthaí rúnbhallóide a chur in iúl do na baill a luaithe is indéanta tar éis dóibh an vóta a chaitheamh. Fógra maidir le gníomhaíocht thionsclaíoch Ní mór fógra de sheachtain amháin a thabhairt don fhostóir a bhfuil baint aige le haighneas. 3. Aighnis oifigiúla aighnis neamhoifigiúla agus Urghairí Is aighneas oifigiúil é ina bhfuil cead faighte ag aontas ó oibrithe i mballóid rúnda agus ina ndeimhnítear é ag Comhdháil na gCeardchumann. Níl aon cheadú ag aighnis neamhoifigiúla ó Chomhdháil na gCeardchumann ná ó aontas eile agus ní fhaigheann oibrithe aon phá stailce. 4 Picéadú - Picéadú ar an áitreabh De réir an Achta Caidrimh Thionscail 1990 tá sé dleathach d'oibrithe picéadú go síochánta in áit ina n-oibríonn a bhfostóir nó ina mbíonn gnó ar siúl aige/aici, ar choinníoll gurb é eolas a chur in iúl go síochánta sprioc an phicéadaithe. Picéadú tánaisteach. Forálann an acht nach bhfuil picéadú tánaisteach (i.e. fostóir a phiocadh seachas an príomh-fhostóir a bhfuil baint aige leis an aighneas) dleathach ach amháin i gcásanna ina bhfuil sé réasúnach do na hoibrithe sin a gcreideann go raibh an dara fostóir ag gníomhú chun bac a chur ar an ngníomhaíocht thionsclaíoch trí chúnamh díreach a thabhairt dá bhfostóir.	(2+3) 3@5(2+3)

			5. Imdhíonacht/Saor ó chúiseamh Sonraíonn an tAcht Caidrimh Thionscail 1990 go bhfuil ceardchumainn agus oibrithe slán ó chaingean/ionchúiseamh do dhamáistí nó caillteanais fulaingthe ag an bhfostóir mar thoradh ar aighneas ceirde.	
--	--	--	---	--

(B) Faoi théarmaí na nAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1997 go 2021, mínigh na forais dífhostaithe a meastar a bheith cóir.

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc
4	(B)	Nemhinniúlacht déanann sé tagairt ar d'éagumas do phost a dhéanamh (droch-fheidhmíocht oibre / teip ar spriocanna díolacháin a bhaint amach). Ar an gcéad dul síos, ní mór don fhostaí a bheith ar an eolas faoi na caighdeáin a bhfuitear ag súil . Neamhábaltacht Áirítear le do 'chumas' saincheisteanna ar nós moille, neamhláithreachta, agus neamhláithreacht leanúnach de dheasca tinnis nó gortaithe, bíodh siad gearrthéarmach nó fadtéarmach. Más fadhb é moilleacht nó neamhláithreacht, ba chóir go mbeadh fianaise ar an líomhain seo ag an bhfostóir, mar shampla: taifid chlogála isteach agus neamhláithreachtaí doiciméadaithe ar chomhad nach bhfuil deimhnithe de réir míochaine. Cáilíochtaí Is féidir le dífhostú cothrom ar bhonn cáilíochtaí tarlú ar dhá bhealach. Cás amháin inar chuir an fhostóir amú faoi na cáilíochtaí i rith earcaíocht. NÓ Is é an ceann eile ná nuair a rinne an fostóir fostaíocht leanúnach spleách ar cháilíochtaí breise nach raibh bainte amach. Mí-iompar Féadfaidh rómhí-iompar a bheith ina chúis le dífhostú láithreach gan fógra nó pá in ionad fógra. I measc samplaí de mhí-iompar tá ionsaí, meisceoireacht, gadaíocht, bulaíocht nó sárú tromchúiseach ar pholasaithe agus ar chleachtais fhan ostóra.	4@5(2+3)

		Iomarcaíocht Sa chás seo, caithfidh an fostóir a léiriú go bhfuil cás iomarcaíochta ann toisc nach bhfuil do phost ag teastáil a thuilleadh agus, dá bhrí sin, go bhfuil an dífhostú cothrom. Ciallaíonn sé sin go bhfuil bonn eacnamaíoch leis an iomarcaíocht; nach n-athrófar an fostaí. Ní mór nósanna imeachta cothroma a chur i bhfeidhm (e.g. an ceann deireanach isteach agus amach ar dtús). Ag sárú an dlí Féadfaidh an fostóir an fostaí a bhriseadh más rud é go sáródh a bhfostaíocht leanúnach an dlí. Mar sin féin, b'fhéidir go mbeifí ag súil go bhféachfadh d'fhostóir ar roghanna eile ag brath ar gach uile fhíric an cháis.	
--	--	--	--

(C) Pléigh na seirbhísí a chuireann an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre ar fáil.

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc
4	(C)	Seirbhís Comhairleach: Cuireann seirbhís comhairleach an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre dea-chleachtas san áit oibre chun cinn, trí eagraíochtaí a chuidiú agus ag tabhairt comhairle dóibh i ngach gné de chaidrimh thionsclaíoch san áit oibre. Téann sé i dteagmháil le fostóirí, fostaithe agus a n-ionadaithe chun a chabhrú le cleachtais, modhanna oibre agus struchtúir éifeachtacha chaidrimh thionsclaíoch a fhorbairt. D'fhéadfaí leis an gcúnamh sin a bheith nósanna imeachta éifeachtacha san ionad oibre a athbhreithniú nó a fhorbairt i réimsí cosúil le casaoid, smacht, cumarsáid agus comhairliúchán. Idir-réiteach Is próiseas deonach é an comhréiteach ina gcomhaontaíonn na páirtithe in aighneas leas a bhaint as tríú páirtí neodrach agus neamhchlaonta chun cabhrú leo a ndifríochtaí caidrimh thionsclaíocha a réiteach. Cuireann an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre seirbhís comhréitigh ar fáil trí Oifigeach Caidrimh Thionsclaíoch (OCT nó Oifigeach Comhréitigh) de chuid an Choimisiúin a chur ar fáil chun cathaoirleacht a dhéanamh ar 'chomhdhálacha comhréitigh'. Go bunúsach, is leathnú ar phróiseas na caibidlíochta díri iad comhdhálacha comhréitigh, agus bíonn cathaoirleach neamhspleách i láthair chun an plé a stiúradh agus bealaí féideartha réitigh a fhiosrú ar bhealach neamhchlaonta. Is ar bhonn deonach a ghlactar páirt sa phróiseas comhréitigh, agus mar sin is é an toradh a bheidh air sin freisin. Ní thagtar ar réitigh ach amháin trí chomhréiteach, trí idirbheartaíocht nó trí aontuithe idir na páirtithe féin, nó trí na páirtithe a aontaíonn le téarmaí socraíochta arna moladh ag an Oifigeach Comhréitigh. Tá an próiseas comhréitigh neamhfhoirmiúil ina chleachtas. Tá saoirse ag na páirtithe ionadaíocht a dhéanamh orthu féin nó ionadaíocht a bheith acu ó cheardchumainn nó ó eagraíochtaí fostóirí. Ní chreideann an Coimisiún go bhfuil gá le hionadaíocht dhlíthiúil ó cheachtar páirtí ag cruinnithe comhréitigh de bharr chineál an phróisis. Comhlíontacht/ Seirbhís Iniúchta Tugann cigirí cuairt ar áiteanna fostaíochta agus déanann siad imscrúduithe thar ceann an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre chun cinntiú go gcomhlíontar na reachtaíochta comhionannais agus fostaíochta. Is éard atá i gceist le himscrúduithe den sórt sin ná leabhair, taifid agus doiciméid a bhaineann leis an bhfostaíocht a scrúdú, agus agallaimh a dhéanamh le fostaithe agus fostóirí reatha agus iarfhostaithe agus fostóirí. Sa chás go n-aimsítear sárúithe reachtaíochta, féadfaidh Cigire Fógra Comhlíontachta nó Fógra Íocaíochta Seasta a eisiúint chuig fostóir.	4@5(2+3)

			Idirghabháil Is mar aidhm idirghabháil teacht ar réiteach trí aontú idir na páirtithe, seachas trí imscrúdú nó éisteacht nó cinneadh foirmiúil. Cuireann an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre seirbhís idirghabhála ar fáil i gcásanna áirithe chun réiteach gearán/aighnis a éascú nuair is féidir ag céim luath agus gan dul ar bhreithniú. Cumasaíonn an tOifigeach Idirghabhála páirtithe le hidirbheartaíocht a dhéanamh ar a n-aontú féin, ar bhonn soiléir agus feasach. Is próiseas deonach é agus féadfaidh ceachtar páirtí é a fhoirceannadh ag céim ar bith. Sa chás gur éirigh le hiarracht idirghabhála, déanfaidh an t-oifigeach idirghabhála téarmaí an aontaithe a thaifeadadh i scríbhinn. Má tá gach ceann de na páirtithe sásta go léiríonn an taifead go cruinn téarmaí an réitigh, síneoidh siad an taifead. I gcás nár éirigh le hiarracht idirghabhála, cuirfidh an t-oifigeach idirghabhála sé sin in iúl i scríbhinn d’Ard-Stiúrthóir an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre agus do gach ceann de na páirtithe. Atreorófar an gearán nó an t-aighneas lena bhreithniú ag Oifigeach Breithnithe. Breithiúnas Tá Oifigh Bhreithniúcháin an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre neamhspleách go reachtúil ina gcuid dualgas cinnteoireachta. Is é ról an Oifigh Bhreithniúcháin éisteacht a reáchtáil ina dtugtar deis don dá pháirtí éisteacht a fháil ón Oifigeach Breithnithe agus aon fhianaise a bhaineann leis an ngearán a chur i láthair. Ní dhéanfaidh an tOifigeach Breithnithe iarracht idirghabháil a dhéanamh ná comhcheangal leis an gcás. Féadfaidh oifigeach ceardchumainn, abhcóide nó aturnae cleachtach, mar shampla, a bheith in éineacht le páirtithe agus ionadaíocht a dhéanamh dóibh ag éisteachtaí. Cinntoidh an tOifigeach Ceardchumainn ansin ar an ábhar agus tabharfaidh siad cinneadh i scríbhinn maidir leis an ngearán. D’fhéadfadh an cinneadh: ▪ fógairt an raibh bunús le gearán an ghearánaigh, ▪ é a dhéanamh riachtanach don fhostóir an soláthar/na soláthairtí ábhartha a chomhlíonadh, ▪ é a dhéanamh riachtanach don fhostóir cibé sásamh a thabhairt is cóir agus is cothrom sna cúinsí, lena n-áirítear dámhachtain chúitimh. Féadfaidh páirtí i ngearán achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Oibreachais i gcoinne breithe ó Oifigeach Breithniúcháin.	
--	--	--	---	--

- (A) Tabhair breac-chuntas, agus sampla agat, ar conas a d'fhéadfadh bainisteoir gnólachta gach leibhéal d'Ordlaithas Riachtanas Maslow a úsáid chun an fhoireann a inspreamhadh.

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc
5	(A)	Riachtanais Fisiciúla D'aithin Maslow go bhfuil gá ag daoine do bhia, uisce, éadaí agus fothain. <i>Is féidir le bainisteoir gnó na riachtanais seo a shásamh trí iocaíochtaí/tuarastail iomaíocha a thairiscint do gach fostaí agus dreasachtaí airgeadais.</i> Riachtanais Sábháilteachta An gá atá le cinnteacht poist, tionacht fostaíochta agus sábháilteacht fhisiciúil. <i>Is féidir le bainisteoir gnó na riachtanais seo a shásamh trí chonarthaí fadtéarmacha fostaíochta a thairiscint d'fhostaithe agus a chinntiú go bhfuil an timpeallacht oibre sábháilte.</i> Riachtanais Sóisialta An gá do chaidreamh le daoine eile. An gá do chairdeas agus le bheith mar chuid de ghrúpa. <i>Is féidir le gnó na riachtanais seo a shásamh trí struchtúr foirne a thairiscint sa ghnó ina n-oibríonn fostaithe ó gach cearn den domhan le chéile ar thionscadail nuálacha.</i> Riachtanais Mheasa/Urraime An gá atá go n-aithneoidh daoine eile d'fheidhmíocht. An gá go moltar thú agus an gá go dtugtar dúshlán duit. <i>D'fhéadfadh bainisteoir gnó obair dhúshlánach a sholáthar, éisteacht le smaointe foirne, nuálaíocht agus éachtaí a chúiteamh agus deiseanna le forbairt a chur ar fáil.</i> Féin-achtáil/féin achtála Is é seo an fonn chun cumas iomlán an duine a bhaint amach. A bheith an leagan is fearr agus atá indéanta díobh féin. <i>Is féidir le bainisteoirí gnó a thacaíonn le fostaithe dúshlán nua a lorg agus a éascaíonn agus a spreagann meon fáis cabhrú le fostaithe iarracht a dhéanamh féin-achtáil trí chlár fhorbartha.</i>	5@5(2+2+1)

(B) Mínigh trí impleacht do bhainisteoir as cur chuige 'Teoiric Y' do bhainistiú a fheidhmiú.

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc
5	(B)	A lán iontaoibhe: Feabhsaíonn Caidreamh Oibreachais nuair atá muinín ag an mbainisteoir ina bhfoireann agus nuair a thugann siad údarás dóibh. Feabhsaíonn meanma. <i>Caitear níos lú ama ag réiteach coimhlinte.</i> Nuálaíochta D'fhéadfadh an chumarsáid fheabhsaithe a bheith ina chúis le fostaithe <i>ag tabhairt faoi níos mó athruithe nua nó ag smaoineamh ar smaoineamh nua do tháirge nua</i>, modh chun costais a laghdú srl. Cumarsáid níos fearr Feabhsaíonn atmaisféar an ionaid oibre toisc go mbaineann an bainisteoir úsáid as córas dhá threo de chumarsáid. <i>Laghdaíonn sé seo foireann ag dul in éadan athruithe agus cuidíonn sé leis an eagraíocht athruithe a bhainistiú go héifeachtach.</i> Toscaireacht/tarmligean Feabhsaíonn spreagadh nuair a thugtar níos mó údaráis do na fostaithe mar go mothaíonn siad níos i gceannas dá dtimpeallacht. D'fhéadfadh é seo a bheith ina chúis le caidreamh le custaiméirí níos fearr, toisc go mbaineann lucht saothair shásta taitneamh as a bheith ag obair leis an gcustaiméir. <i>I dtionscail seirbhíse, is féidir le díolacháin agus brabúsacht mhéadaithe a bheith mar thoradh leis seo.</i> Stíl oscailte Bhainistíochta/stíl bainistíochta oscailte Is féidir le fostaithe moltaí a dhéanamh don bhainistíocht agus fáiltíonn siad deis chun plé a dhéanamh seachas treoracha a á dtabhairt acu, Is féidir leis an mbunús eolais seo a bheith ina chúis le <i>cinnteoireacht níos éifeachtaí agus táirgiúlacht níos fearr i gnóthaí dearaidh/monaraíochta.</i> <u>Is féidir le himpleachtaí a bheith diúltach, cosúil le:</u> Tá oiliúint de dhíth ar tharmligean / Is féidir le tarmligean a bheith ina chúis le héileamh pá. Tá seans go mbeadh oiliúint de dhíth muna bhfuil foireann cleachta le stíl cheannasaíochta uathlathach. D'fhéadfadh é seo dul i gcoinne an chur chuige teoirice Y chuig bainistíocht maidir le tarmligean. D'fhéadfadh é seo a bheith ina chúis le droch-chaidreamh oibreachais agus <i>an nóisean go bhfuil bainistíocht nua ag tabhairt oibre sa bhreis amach gan fosaithé a íoc.</i> D'fhéadfadh Stíl nua cumarsáide a bheith ina chúis le frithbheartaíocht ar athrú Tá seans go dteipfeadh an modh cumarsáide agus plé smaointe nua má tá an bainisteoir nua-cheaptha. D'fhéadfadh gnéithe inmheánacha cosúil le freagairtí roimh arduithe céime nó frithbheartaíocht roimh cheapacháin sheachtracha <i>constaic a chur roimh na buntáistí a mbeifí ag súil leis le cur chuige teoirice Y le bainistíocht.</i>	3@5(2+3)

(C) (i) Déan idirdhealú idir fiontraíocht agus bainistíocht.

(ii) Pléigh dhá thairbhe a bhaineann le pleanáil mar ghníomhaíocht bainistíochta.

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
5	(C)	(i)	Déanann fiontar tagairt don iarracht le riosca pearsanta agus airgeadais a ghlacadh chun rud éigin nua a chruthú le fáltas brabúis a bhaint amach. Is próiseas atá dírithe ar spriocanna é bainistíocht. Tá comhordú acmhainní na heagraíochta i gceist leis chun spriocanna na heagraíochta a bhaint amach. Tá na gníomhaíochtaí de phleanáil, eagrúcháin agus rialúchán i gceist leis seo. Ba cheart go mbeadh na scileanna de cheannasaíocht, spreagadh agus cumarsáide ag bainisteoir.	2@5(2+3)
		(ii)	Buntáistí a bhaineann le Pleanáil Feasacht a chruthú & Tugann sé Treoir Tá an fhoireann uilig ar an eolas faoi na spriocanna/cad atá an gnólacht ag iarraidh baint amach. Tugann sé seo treoir don fhoireann. M.sh. Déanann bainistíocht cumarsáid le foireann go bhfuil siad ag iarraidh cáil agus íomhá phoiblí an ghnó a fheabhsú. Cuidíonn sé le Cinnteoireacht Cuidíonn spriocanna fadtéarmacha le bainistíocht agus foireann cinntí éifeachtacha a dhéanamh. E.G. Tá seans go socródh Ryanair chun seilbh a ghlacadh ar aerlíne eile agus/nó dul isteach ar eitiltí trasatlantacha chun a bheith ina aerlíne is mó ar domhan. Pleanáil daonchumhachta (CD): cinntíonn sé go bhfuil go leor foirne ag an gnólacht chun ganntanais a sheachaint agus aithníonn sé nuair is gá foireann a earcú M.sh. Chinnteodh Oiliúint Daonchumhachta éifeachtach go bhfuil an líon ceart múinteoirí ag bainistíocht i scoil don bhliain acadúil.	2@5(2+3)

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
6	(A)	(i)	Mínigh impleacht amháin a bhaineann le tearc-árachas. Teipeann ar an árachái an tsócmhainn a chur faoi árachas don luach iomlán den tsócmhainn. Má tá éileamh ar chaillteanas iomlán nó páirtchaillteanas, tá seans go mbeidh tearc-árachas ina chúis le caillteanais eacnamaíochta do shealbhóir an pholasaí, ós rud é go sáródh an t-uasmhéid gur féidir leis an bpolasaí árachais a íoc. Is iad na préimheanna ísle íoctha ag sealbhóir an pholasaí mar spreagadh le bheith faoi thearc-árachas, ámh, beidh níos mó caillteanas ó éileamh ná coigiltis a bhfaigheann tú ó phréimheanna árachais laghdaithe mar thoradh ar árachas easnamhach.	1@5(2+3)

(ii) **Pléigh dhá chineál árachais ghnó a mholfá gur chóir a bheith ag gnólacht óst**

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
6	(A)	(ii)	Árachas Dlíteanais Phoiblí Cosnaíonn árachas dlíteanais phoiblí an gnó ó chaillteanas airgeadais mar thoradh éilimh déanta ag an bpobal cosúil le tomhaltóirí a bhfuil gortaithe nó leonta ar áitreabh an ghnó. Árachas Dlíteanais Fostóra Cosnaíonn árachas dlíteanais fostóra an gnó i gcoinne caillteanais airgeadais mar thoradh ar éilimh déanta ag fostaithe mar gheall ar ghortuithe fulaingthe san áit oibre. Árachas na nÁitreabh/na bhFoirgneamh Tugann sé seo cosaint don ghnó i gcoinne aon chaillteanas a dtarlaíonn ina chúis le damáiste ar struchtúr an fhoirgnimh mar gheall ar thine, tuile nó stoirm. Ba cheart duit cinntiú go bhfeistítear aláram deataigh agus go bhfuil go leor múchtóirí dóiteáin ar an áitreabh. Árachas Inneachair Tugann sé seo cosaint don ghnó i gcoinne aon chaillteanas nó damáiste ar stoc, amhábhair, páirteanna, srl. de bharr buirgléireachta, tine nó tuile. Árachas Gluaisteán Is cineál árachas riachtanach é seo nach mór a íoc de réir an dlí má tá mótarfheithicil ag an ghnó nó ag an duine aonair. Cosnaíonn sé an gnó ó chaillteanas airgeadais de bharr mótarthimpiste. Áirítear trí chineál árachais mhótair ná: árachas tríú páirtí, dóiteáin agus gadaíochta tríú páirtí agus árachas lánchuimsitheach. Glactar le cineálacha árachais ábhartha eile a bhaineann le óstán.	2@5(2+3)

(B) (i) Míniú an téarma coinníollacha solúbtha oibre.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar na cineálacha luacha saothair airgeadais agus neamh-airgeadais a úsáideann gnólachtaí chun fostaithe a mhealladh

6	(B)	(i) Déanann coinníollacha oibre solúbtha tagairt ar shocrú idir an fostóir agus a f(h)ostaithe a ligeann don fhostaí cur lena (h-)áit oibre, nuair a chríochnaíonn siad a ndualgais srl. Is féidir le coinníollacha oibre solúbtha ligean d'fhostaí obair ón mbaile le haghaidh cúpla lá sa tseachtain agus tá seans go ligfeadh sé do fhleisc-am chomh maith. <u>Duaiseanna Airgeadais</u> (ii) Amráta Íoctar an fostaí méid seasta gach uair le haghaidh méid uaireanta seasta. Íoctar uaireanta a oibrítear sa bhreis ar an líon seasta uaireanta ag ráta níos airde ar a dtugtar ragobair m.sh. am go leith nó am dúbailte. Tascráta Íoctar an fostaí i gcomhair gach earra a táirgeadh/ gach post a críochnaíodh. D'fhéadfadh fadhbanna rialúcháin cháilíochta a bheith mar thoradh ar an modh seo mar go bhféadfadh fostaithe iarracht a dhéanamh an oiread earraí agus is féidir a tháirgeadh chun tuilleamh a mhéadú. Coimisiún Íoctar céatadán de na díolacháin iomlána atá bainte amach acu leis na fostaithe. Íoctar é seo de ghnáth i dteannta íocaíochta sheasta. Tá an buntáiste aige díolacháin a spreagadh go díreach. Tuarastal Íoctar tuarastal le fostaithe i suimeanna atá mar an gcéanna lena chéile, gach seachtain, gach dara seachtain nó gach mí. Sochar Comhchineáil (má tá sé inchánach) Is cineál duaise é úsáid sócmhainne. M.sh. Carr comhlachta ar fáil d'úsáid phríobháideach. D'fhéadfadh sé a bheith iasachtaí tosaíochta, lóistín saor in aisce nó fóirdheonaithe srl. Bónas Suim airgid a bailíodh chun sprioc áirithe a bhaint amach m.sh. ag táirgeadh aonad thar theorainn socraithe. Scéim roinnte brabúis Is scéim é seo ina íoctar cuid de na brabúis ghnó le fostaithe ar bhonn socraithe. Reáchtáiltear an scéim agus íoctar brabúis le fostaithe leis iad a spreagadh chun a bheith níos torthúla. Scéim scairúinéireachta d'fhostaithe: Tá seans go dtugfar scaireanna d'fhoireann in ionad bónais airgid, ag coinneáil suim na bhfostaithe sa phost/ tugann scéimeanna scair-rogha d'fhostaithe scaireanna a cheannach i gcomhlacht ag praghas áirithe am éigin sa todhchaí.	1@5(2+3) 3@5(2+3)
---	-----	--	---------------------------------

			<u>Duaiseanna Neamh-Airgeadais</u> Sochar comhchineáil: Aithnítear é seo mar pheorcais nó sochar imeallach. Bíonn sé i bhfoirm earraí nó seirbhíse a thugtar d'fhostaithe seachas airgead. Úsáidtear sochair chomhchineálacha chun stádas poist a ardú i ngnólacht agus chun meanma a neartú. Is féidir iad a bheith i bhfoirm dearbhán béile, carranna comhlachta agus árachas sláinte. (NÓTA: Is féidir sochar comhchineáil a mheas mar shochair airgeadais nó neamhairgeadais ag brath ar an bhfuil sé inchánach nó nach bhfuil). Cur chun cinn: Bogadh go dtí leibhéal níos sinsearaí le níos mó freagrachta san eagraíocht. Cé go mbíonn pá níos airde aige seo is é teideal an phoist, an oifig níos mó nó an cúntóir pearsanta a mbíonn ina bhfíordhuaiseanna, de réir riachtanas féinmheasa Maslow. Postroinnt: Roinneann fostaithe post m.sh.beirt fhostaithe ag roinnt poist eatarthu. Is cur chuige solúbtha é seo roimh fhostaíocht agus aithníonn sé go mb'fhéidir gur mhaith le fostaithe tús áite a thabhairt d'am fóillíochta thar am oibre.	
--	--	--	--	--

(C) Míniú na téarmaí a leanas i gcomhthéacs bainistíocht acmhainní daonna:

- Sainchuntas Poist agus Sonraíocht faoin bPearsa.
- Earcaíocht Inmheánach agus Sheachtrach.
- Agallamh agus Roghnúchán.

Ceist	Freagraí Féideartha	Uas. Marc
6	(C) Sainchuntas Poist/jabthuaisc Leagann sainchuntas poist feidhm poist amach, cá háit ina bhfuil an post sa struchtúr eagraíochta, príomhdhualgais agus freagrachtaí an phoist agus na heochair-thascanna atá le déanamh. Leagann sainchuntas an phoist amach cá háit ina bhfuil an post sa struchtúr eagraíochta agus cé atá faoi cé. Tugann sé eolas riachtanach d'earcaigh féideartha agus cruthaíonn sé an t-eolas de dhíth chun an duine ceart a earcú chun an post a dhéanamh. Sonraíocht an Duine/sonraíocht pearsa Leagtar amach i sonraíocht duine na cineálacha cáilíochtaí, scileanna, taithí agus tréithe pearsanta ba cheart a bheith ag an iarrthóir rathúil. Déanann sé tagairt ar an duine seachas an post agus tá sé úsáideach agus oiriúnacht iarrthóirí an phoist a chur i gcomparáid agus a mheas. Earcaíocht Inmheánach agus Sheachtrach: Earcaíocht inmheánach tá an fostaí cleachta le cultúr, polasaithe agus cleachtais oibre an ghnóilachta. Laghdaítear costais oiliúna agus fógraíochta. Feabhsaíonn spreagadh san ionad oibre toisc go n-aithníonn fostaithe go mbeidh deiseanna ann de réir mar a bheidh folúntais níos airde ar fáil sa slabhra ceannais. Níl aon “fuil úr”, níl aon smaointeoireacht nua. Tá seans nach bhfaighfear an duine is fearr don phost trí earcaíocht inmheánach. D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag ardú céime inmheánach ar leibhéil comhoibrithe idir fostaithe. Earcaíocht sheachtrach dearcadh nua, úr tugtha chuig an ngnó ag an gceapaí seachtrach. D'fhéadfadh scileanna agus taithí a bheith ag an bhfostaí nua atá ag teastáil ag an ngnó agus nach bhfuil ag an bhfoireann reatha. Seachnaítear costais oiliúna toisc go bhfuil seans go bhfuil na scileanna riachtanacha ag an gceapaí seachtrach cheana féin. Naisc le coláistí oideachais a gcuireann foireann le saineolas ar fáil le riachtanais an ghnó a chomhlíonadh. Agallamh an Phoist agus roghnú Is próiseas é an t-agallamh ina mheasann fostóir fostaí féideartha ar son earcaíochta ionchasacha sa chomhlacht. Déanann an próiseas iarracht cumas an iarrthóra an post a dhéanamh a mheas, réiteach le fostaithe eile, obair i bhfoirne agus cur leis an ngnó i mbealach nua agus éifeachtach. Is iondúil go mbíonn agallaimh i bhfoirm painéil agallaimh ina gcuireann roinnt agallóirí iarrthóir amháin faoi agallamh. Is féidir réimse de mhodhanna roghnúcháin a úsáid.	5@5(2+3)

Ceist 7

(A) Tabhair breac-chuntas ar na foinsí inmheánacha agus ar na foinsí seachtracha smaointe do tháirgí/sheirbhísí nua do ghnólachtaí mar Centre Parcs.

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc
7	(A)	Seisiúin tobsmaointeoireachta. Is éard atá i gceist leis seo ná daoine ó réimsí éagsúla den ghnó ag teacht le chéile agus ag smaoineamh go cruthaitheach ar smaointe nua. Diúltaítear roinnt de na smaointe sin ach déantar tuilleadh machnaimh ar roinnt acu. Cuidíonn éagsúlacht na foirne leis an bpróiseas cruthaitheachta. Infhiontraíocht Smaointe ó fhostaithe trí scéimeanna moltaí nó boscaí moltaí. Is féidir le smaoineamh maith a chúiteamh le bónas. Tá cultúr d'infhiontraíocht maith ann laistigh d'eagraíochtaí ilnáisiúnta ar nós Google. Roinn Taighde agus Forbartha Féadfaidh an roinn T&F teacht ar tháirge nua/nó táirge atá ann cheana a fheabhsú trí eolaíocht agus teicneolaíocht. Iomaitheoirí: Monatóireacht a dhéanamh ar iomaitheoirí agus cuid dá smaointe táirge a chóipeáil, agus aird á tabhairt ar dhlí paitinne agus cóipchirt. Ionadú iompórtálacha is é seo nuair a dhéantar ionadú ar tháirge atá á iompórtáil faoi láthair le táirge a dhéantar sa bhaile de cháilíocht nó praghas comhchosúil. D'fhéadfadh Gearáin na gCustaiméirí/ Aiseolas a bheith ina chúis le hathruithe nó forbairtí ar tháirgí reatha. D'fhéadfadh Taisteal lasachta comhlachtaí a spreagadh chun táirge nua a dhéanamh don mhargadh sa bhaile.	4@5(2+3)

(B) Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Ríomh gach ceann de díobh seo a leanas (taispeáin d'obair):

(i) An méid ÍMAT nach mór do Thomás a íoc

(iii) An méid iomlán ÁSPC

(ii) An méid iomlán MSU

(iv) Pá glan bliantúil Thomáis

Olltuarastal			85,000	Fo-iomlán na Marcanna
Sochar Comhchineáil:			25,000	
Ioncam Incháinithe			② 110,000	
(i) An méid ÍMAT nach mór do Thomás a íoc				
40,000 x 0.20	③ 8,000			
① 70,000 x 0.40	① 28,000			
ÍMAT Comhlán		① 36,000		
Lúide Creidmheasanna Cánacha				
Aonarán	1,700			
ÍMAT	1,700			
Gaol Cleithiúnach	245	① (3645)		
ÍMAT gur gá Tommy íoc			① €32,355	10 marc
(ii) An méid iomlán MSU				
12,012 x 0.005		③ 60.06		
9,281 x 0.02		① 185.62		
① 88,707 x 0.045		① 3,991.82*		
An méid iomlán MSU			① €4,237.50	7 marc
(iii) An méid iomlán ÁSPC				
110,000 x 0.04			① €4,400	1 mharc
(iv) Pá glan bliantúil Thomáis				
Olltuarastal			85,000	
Lúide asbhaintí:				
ÍMAT		32,355.00		
MSU		4,237.50		
PRSI		4,400.00	40,992.50	
Glanphá Bliantúil			② €44,007.50	2 mharc

Léirítear na figiúirí féin i gcló trom.

(C) (i) Mínigh an téarma cumasú fostaithe.

(ii) Déan cur síos ar na tairbhí do ghnólacht a bhaineann le cumasú fostaithe.

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
7	(C)	(i)	Is éard atá i gceist le cumhachtú fostaithe/cumasú ná freagracht cinnteoireachta a thabhairt don fhoireann. Cuireann an fhreagracht mhéadaithe cinnteoireachta seo leis an gcuntasacht agus cuireann sí dúshlán ar fáil d'fhostaithe. Tagann níos mó díograis don phost leis an bhfreagracht mhéadaithe.	5m(2+3)
		(ii)	Cinnteoireacht: Tá cinnteoireacht agus rialú i lámha fostaithe a úsáideann a gcuid scileanna agus eolais níos fearr ar mhaithe leis an ngnó/cinntí a dhéanamh níos tapúla. Éiríonn fostaithe níos freagrúla do riachtanais na gcustaiméirí/teacht suas le smaointe chun saincheisteanna a réiteach/custaiméirí níos sásta. Ullmhaíonn foireann do ról Bhainistíochta/arduithe/cur chun cinn: Oileann cumhachtú /cumasú an fhoireann a bheith ina gcinneadóirí. Ciallaíonn cumhachtú go bhfaigheann an fhoireann taithí luachmhar maidir le cinntí a dhéanamh agus ceisteanna breithiúnais a dhéanamh. Ullmhaíonn é seo an fhoireann d'arduithe/ ról Bhainistíochta, rud a d'fhéadfadh an gá le hoiliúint a laghdú. Spreagadh Méadaithe - Meanma na Foirne Mhéadaithe agus Sásamh sa Phost: Beidh fostaithe cumasaithe, ag ligean dóibh cinntí a dhéanamh, ag méadú iontaobhe ó bhainistíocht agus ag ligean dóibh a gcuid riachtanais mhuiníne a líonadh (Maslow). Is é an buntáiste don ghnó déantúsaíochta go mbeadh foireann níos fuinniúla agus níos táirgiúla acu, agus ráta athraithe foirne níos ísle.	3@5(2+3)

Ceist 8

- (A) (i) Léirigh do thuiscint ar an téarma margadh nideoige.
- (ii) Tabhair breac-chuntas ar dhá impleacht do ghnólacht ar oibriú i margadh nideoige.

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
8	(A)	(i)	Is sciar beag de mhargadh níos mó é margadh nideoige le haghaidh táirge nó seirbhís speisialaithe. Is sainmhargadh é nach bhfuil ach roinnt soláthraithe ann. M.sh. Bróga brídeoige/na chéad ghúnaí comaoineacha/éadaí leanaí/sainchathaoir rothaí-iompair.	7m(3+2+2)
		(ii)	Beag nó gan aon iomaíocht/margadh beag Murab ionann agus i margaíocht ghinearálta ina bhfuil iomaíocht mhargaidh géire, tá níos lú iomaíochta i margadh nideoige agus iad ag déileáil le táirge ar leith do sciar beag den mhargadh. Níos lú infheistíochta de dhíth De réir mar a tháirgeann siad earraí teoranta don mhargadh nideoige d'fhéadfadh níos lú infheistíochta a bheith ag teastáil uathu. Bonn costasach Baineann speisialtóireacht táirgí le hamhábhair níos costasaí, le foireann agus post ard-oilte agus le modhanna baisctháirgthe/seirbhís phearsanta. Praghas níos airde Toisc go bhfuil na costais an-ard don ghnó, dá bhrí sin, ní mór dóibh praghas níos airde a ghearradh ar chustaiméirí. Níos lú baoil don ghnó/Úsáid na n-acmhainní atá éifeachtúil ó thaobh costas de/margaíocht atá níos dírithe D'fhéadfadh níos lú rioscaí/costais a bheith ann don ghnó toisc go bhfuil an mhargaíocht dírithe ar sciar an-bheag den mhargadh.	2@4(2+2)


- (B) (i) Cuir comhghuaillíocht straitéiseach agus cumasc i gcontrárthacht le chéile mar mhodhanna le gnó a leathnú.
- (ii) Déan measúnú ar thairbhe amháin agus ar dhúshlán amháin do ghnólacht as comhghuaillíocht straitéiseach a dhéanamh.

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
8	(B)	(i)	Comhghuaillíocht straitéiseach: Nuair a chomhaontaíonn dhá ghnólacht neamhspleácha nó níos mó comhoibriú le chéile agus acmhainní agus saineolas a chomhroinnt ar mhaithe le gach páirtí lena mbaineann. Fanann na gnólachtaí neamhspleách go hiomlán ó thaobh an dlí de agus coinníonn gach gnólacht a chéannacht trádála ar leith féin.	2@5(2+3)
		(ii)	Is cónascadh/cumasc cairdiúil nó deonach de dhá ghnólacht nó níos mó é cumasc, ar mhaithe lena chéile. Bunaítear aon eintiteas dlíthiúil nua amháin. Sampla: Bunaíodh Glanbia cpt in 1997 mar thoradh ar an gcumasc Avonmore Foods cpt agus Waterford Foods cpt. Buntáistí: Níos lú baoil/riosca: Tá costas an fhiontair ghnó roinnte idir an dá ghnólacht agus mar sin tá riosca níos ísle ann don dá ghnólacht. Eolas & saineolas roinnte. Cuirfidh an dá ghnólacht a gcuid eolais agus saineolais féin ar fáil don tionscadal agus is féidir leo foghlaim óna chéile. Bealach isteach tapa ar mhargaí nua. Bunú tapa /Éasca le cur ar bun & scaoileadh/sealadach ó nádúr. Brabúis Mhéadaithe. Dúshlán: Cinnteoireacht roinnte as a dtagann easaontais, gnó a mhoilliú/aighneas na gcultúr. Baol do Cháil an Bhranda muna n-oibríonn an comhaontas amach. Míshásamh an chustaiméara: Cailleadh custaiméirí míshona nach bhfuil ag iarraidh gnó a dhéanamh le comhpháirtí an chomhaontais. Measúnú ag teastáil.	2@4(2+2)

(C) Déanann MJ Sports táirgí atá dírithe ar imreoirí lomána agus Camógaíochta. Tá an t-eolas a leanas tugtha ag MJ Sports faoina líne nua táirgí:

- Aschur Tuartha (Díolacháin) 8,000 aonad
 Praghas Díola in aghaidh an aonaid €20
 Costais Sheasta €40,000
 Costais Athraitheacha in aghaidh an aonaid €10
 Léirigh iad seo a leanas le cairt chóimheá:
- (i) An pointe meá ar mheá
 - (ii) An lamháil sábháilteachta ag an aschur tuartha
 - (iii) An brabús ag an aschur tuartha.

Ceist			Freagraí Féideartha	Uasmharc
8	(C)	(i)	Cairt chóimheá le bheith curtha isteach (i) Pointe Cóimheá = Costais Sheasta/Ranníocaíocht gach aonad $= 40,000/10 = 4,000$ aonad ④ (ii) Lamháil Sábháilteachta = Aschur na réamhaisnéise in aonaid – PC in aonaid $= 8,000 - 4,000 = 4,000$ aonaid ④ (iii) An brabús ar an aschur tuartha = II-CI $= €160,000 - €120,000 = €40,000$ ④	Cairt chóimheá ag taispeáint: • X Ais: Aschur in aonaid '000 1m • Y Ais: Ioncam/Costais €'000s 1m Teideal na Cairte 1m • Líne LC 2m • Líne CI 4m • Líne II 4m • PC 4m • LS 4m • An Brabús ar an Aschur Tuartha 4m <u>Ríomhanna amháin (12 mharc)</u> Pointe Cóimheá 4m An Brabús ar an Aschur Tuartha 4m Lamháil Sábháilteachta 4m



Tá eolas sa tábla thíos maidir leis na nótaí mínithe a úsáidtear don mharcáil sa scéim mharcála.

Nóta mínithe	Úsáid
	Gné cheart (n marc)
	Gan aon mharc bronnata. Freagra mícheart nó neamhleor.
	Leathanach feicthe ag an scrúdaitheoir / faisnéis neamhbailí.
	Tuilltear marcanna de thoradh fhiigiúr an iarrthóra féin.
	Freagra farasbairr nó cuid de fhreagra. Bronnadh marcanna in áit eile.
L2	2 Marcanna a bronnadh as nascadh leis an téacs.
L3	3 Marcanna a bronnadh as nascadh leis an téacs.
L4	4 Marcanna a bronnadh as nascadh leis an téacs.
	Measúnú.



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthrata a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónaís sin **a shlánú síos**.

Tábla 400 @ 10%

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 400 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthrata an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthrata i gcás 300 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

Bunmharc	Marc Bónais
301 - 303	29
304 - 306	28
307 - 310	27
311 - 313	26
314 - 316	25
317 - 320	24
321 - 323	23
324 - 326	22
327 - 330	21
331 - 333	20
334 - 336	19
337 - 340	18
341 - 343	17
344 - 346	16
347 - 350	15

Bunmharc	Marc Bónais
351 - 353	14
354 - 356	13
357 - 360	12
361 - 363	11
364 - 366	10
367 - 370	9
371 - 373	8
374 - 376	7
377 - 380	6
381 - 383	5
384 - 386	4
387 - 390	3
391 - 393	2
394 - 396	1
397 - 400	0

